


# Tíortha eile

le caoinchead ó Tara Shine

# AN AFRAIC THEAS

Tá méadú suntasach tagtha ar an gcionroinnt do chlár tíre Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, um an Afraic Theas thar na tréimhse trí bliana a chuaigh thart, ó €3 milliún i 2001 go beagnach €11 milliún i 2003. Clúdaíonn an clár cúig earnáil, siad sin oideachas, sláinte, VEID/SEIF, uisce agus sláintíocht, agus dea-rialachas, daonlathas agus cearta an duine. Tá fócas geografach ar Phroibhinse Limpopo, áit a dhéantar an mhórchuid de thacaíocht Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, don oideachas a sheachadadh agus ar an bProibhinse Free State, áit atá an clár sláinte lonnaithe.

Mhol an Coiste Athbhreithnithe um Chúnamh Éireann 2002 gur chóir d'Éirinn a hidirphlé leis an Afraic Theas a leathnú agus a dhaingniú. Mar thoradh ar seo, d'aontaigh Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, leanacht leis a chlár tacaíochta don Afraic Theas thar an amscála tionscantach de dheich mbliana, a rith chuig 2004. Dhearbhaigh misean tíre um phleanáil straitéiseach an tiomantas seo i mí an Mheithimh 2003 agus leagadh síos bunchloch do cheapadh an chláir nua chuig an mbliain 2014.

**Dea-Rialachas, Daonlathas agus Cearta an Duine**
Tá an mhórchuid den chlár seo arna sheachadadh i gcomhpháirtíocht le heochair-eagraíochtaí neamh-rialtasacha. Sa bhliain 2003 lean Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, lena thacaíocht don Institiúid um Dhaonlathas san Afraic Theas dá cláir oiliúna do chinnireacht shaoránaigh agus do Institiúid Thoghcháin na hAfraice Theas (EISA) dá cur chun cinn de chaighdeáin agus de chleachtais dhaonlathacha. Lean an chomhpháirtíocht leis an Ionad um Staidéar ar Fhoréigean agus ar Athmhuintearas le tacaíocht a soláthraíodh do phéire dá bhunchláir (an Clár um Bhreithiúnas Coiriúil agus an Clár um Athrú agus um Athmhuintearas). Cuireadh cúnamh ar fáil freisin don Fhondúireacht um Chearta an Duine do chláir a dhíríonn ar mhná agus ar leanaí agus do Themba Lesiswe, líonra ceannródaithe de sholáthraithe seirbhíse do sceimhle. Ina theannta seo, aontaíodh clár nua cúnaimh le Roinn Dlí agus Cirt na hAfraice Theas do Oifigí Mháistir na hArd-Chúirte, atá dírithe ar fhéachaint chuige go bhfuil comhionannas rochtana ag gach saoránach ar sheirbhísí maidir le riarachán eastáit.

**Oideachas**
Tá an clár dírithe den chuid is mó ar thacaíocht a thabhairt do na hiarrachtaí atá déanta ag Roinn Oideachais Limpopo chun rochtain ar oideachas agus ar oiliúint ar ard-chaighdeán a mhéadú. Tá cuid mhór de thacaíocht Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, dírithe ar na leibhéil litearthachta a fheabhsú ag gráid 1 agus 2 sna bunscoileanna, ag úsáid an tsamhail dar teideal Céim Ar Aghaidh Sa Litearthacht. Gné thábhachtach eile den Chlár Limpopo ná an tacaíocht do phríomhshruthú an VEID/SEIF san earnáil oideachais.

Leanamar sa bhliain 2003 ag tabhairt do sparánachtaí do scoláirí atá ar mhíbhuntáiste, le béim ar an rochtain a fheabhsú chun oideachas do scoláirí na tuaithe a chur ar aghaidh.

**Sláinte**
Tá tacaíocht Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, don earnáil shláinte san Afraic Theas dírithe ar an bProibhinse Free State, áit a gcuirtear maoiniú ar fáil do Roinn Sláinte na Proibhinse do thrí ghníomhaíocht: 1) forbairt shláinte dhúiche trí oiliúint na mbainisteoirí dúiche i mbainistiú na seirbhíse sláinte; 2) tógáil agus uasghrádú na gclinicí i bhfo-dhúiche Botshabelo; agus 3) acmhainn na 150 eagraíocht neamh-rialtasach atá bainteach le cúram VEID/SEIF a fhorbairt chun cabhrú le héifeachtúlacht a n-oibríochtaí a fheabhsú.

**VEID/SEIF (HIV/AIDS)**
Sa bhliain 2003, cuireadh clár Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, um VEID/SEIF san Afraic Theas i bhfeidhm trí mheascán de chuir chuige lena raibh baint ag tacaíocht do chláir an Rialtais agus cistiú díreach chuig earnáil na heagraíochta neamh-rialtasach. Imdháileadh cistí chuig Roinn Sláinte an Free State mar thaca le clár nuálaíoch a ceapadh chun cumas na n-eagraíochtaí neamh-rialtasacha atá i mbun oibre ar fud na Proibhinse a neartú. Scaipeadh an mhórchuid dár gcistí, áfach, chuig eagraíochtaí den tsochaí shibhialta trí líon mheicníocht chistiúcháin. (a) maoiniú do eagraíochtaí neamh-rialtasacha agus do institiúidí atá dírithe ar chur chun cinn na sláinte agus ar chúram VEID/SEIF; (b) ag tacú le hacmhainní cheithre eagraíocht bheag neamh-rialtasach a fhorbairt chun a gcórais bhainistíochta a neartú sula gcuirtear maoiniú ar fáil dá mbunghníomhaíochtaí; agus (c) acmhainn de líonra do eagraíochtaí neamh-rialtasacha a fhorbairt chun é a chumasú mar sheoltóir do chistí Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, do líon chomhpháirtí sa Phroibhinse KwaZulu Natal.

**Uisce agus Sláintíocht**
Rannchuidigh Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, don dara bliain i 2003 le 'Masibambane', Clár Tacaíochta um Earnáil Uisce na hAfraice Theas. Is é cuspóir foriomlán an chláir ná caighdeán na beatha a fheabhsú do mhuintir na hAfraice Theas agus chun rannchuidiú le díothú na



Páistí dílleachta in éineacht le comhairleoir do thacaíocht chlainne ó Ionad Teaghlaigh Khanya (le caoinchead ó N. McHugh)

bochtaineachta i bpobail bhochta tuaithe sna Proibhinsí Eastern Cape, Kwa-Zulu Natal agus Limpopo, trí fháil réidh leis na riaráistí i soláthar na mbunseirbhísí uisce agus sláintíochta. Téann an clár i ngleic leis na riaráistí trí fhorbairt straitéiseach bheartais, trí neartú na n-institiúidí agus trí na seirbhísí uisce agus sláintíochta a sholáthar go díreach chuig pobail bhochta tuaithe arna roghnú.

**Eile**

Sa bhliain 2003, sholáthraímid tacaíocht do Rúnaíocht an Chláir Nua um Fhorbairt na hAfraice (NEPAD) agus do chlár For-rochtana NEPAD de chuid Rialtas na hAfraice Theas. Thugamar ranníocaíocht freisin don Choimisiún Neamhspleách um Thoghcháin mar thaca lena obair ullmhúcháin do na Toghcháin Náisiúnta i 2004. Tugadh ranníocaíochtaí freisin do líon eagraíocht bheag neamh-rialtasach trí an Scéim um Mhicrithionscadail In-Tíre, Ciste Forbartha na Misinéirí agus Scéim Chomh-Mhaoinithe na n-Eagraíochtaí Neamh-Rialtasacha.

# AN TSIOMBÁIB

Lean an staid pholaitiúil inmheánach agus cearta an duine sa tSiombáib ag dul in olcas sa bhliain 2003, le gabháil ceardchumannaithe agus ceannairí shibhialta léirsithe, leis na srianta leanúnacha ar na meáin agus le hionsaithe ar fhórsaí an fhreasúra. Chuaigh an staid shóisialta agus eacnamaíoch sa tír in olcas freisin. D'fhormhéadaigh an ráta boilscithe thar 500% agus d'fhan an ráta dífhostaíochta ag 70%. Deirtear go bhfuil breis is 50% de dhaonra iomlán 11.6 milliún sa tSiombáib ina n-íospairtigh ag an neamhdhaingne bhia. Cé go raibh ganntanas criticiúil de bhunearraí sa tír sa chéad leath den bhliain, cuireadh iad seo ar fáil sa dara leath den bhliain ach ní raibh tromlach mhuintir na Siombáibe in acmhainn iad a cheannach de bharr na bpraghsanna iomarcacha. Tharla crapadh 11.9% i ngeilleagar na Siombáibe, a cuireadh i leith na hinfhaighteachta neamhrialta de bhreosla, na gcostas ard breosla agus an bhriste isteach rialta ar an soláthar cumhachta de bharr ganntanas in airgeadas eachtrannach chun íoc as breosla agus as leictreachas. Tugann staitisticí a táirgeadh ag an tAonad Faisnéise agus Faireacháin Sláinte den Aireacht Sláinte trí chomhiarrachtaí an WHO/AFRO, UNAIDS, CDC agus an Imperial College of London le fios go meastar go bhfuil 24.6% de dhaoine fásta (15-49) VEID-deimhneach. Is mná 47% díobh seo.

Tá Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, ag soláthar tacaíocht don tSiombáib ó ghnóthaigh sí a neamhspleáchas sa bhliain 1980. Sa chéad seacht mbliana, ba é mór-fhócas na tacaíochta ná an earnáil uisce agus sláintíochta trí UNICEF agus forbairt na hanailíse beartais trí Institiúid Réigiúnach Dheisceart na hAfraice um Staidéar Beartas.
Ón mbliain 2000 i leith tá athrú réamhbheartaithe déanta ar an straitéis i dtreo compháirtíochtaí a chruthú le heagraíochtaí neamh-rialtasacha agus i dtreo thacaíocht do ghníomhú ar VEID/SEIF. Sa bhliain 2003 dhírigh an clár ar uisce, ar shláintíocht agus ar VEID/SEIF.

**Uisce agus Sláintíocht**

Sa bhliain 2003, chomhdhlúthaigh UNICEF forfheidhmiú na céime deireanaí de thionscadal dhá bhliain (2002-2003) i réimse an uisce agus na sláintíochta. Díríodh an tacaíocht ar dhá dhúiche, Bulilama agus Mangwe. Mar chúis imní bhí na comhpháirteanna bogearraí den tsláinte agus den sláinteachas, sé sin ag cur úinéireacht phobail de na hacmhainní uisce agus sláintíochta chun cinn; ag an am céanna, áfach, tugadh tacaíocht don chomhpháirt chruaearraí trí athshlánú agus trí thógáil áiseanna sláinteachais le fócas réamhbheartaithe ar fhreagairt na hearnála ar VEID/SEIF a mhéadú. Bhí fócas ar an gcumas a neartú ag an leibhéal náisiúnta do pleanáil, chun acmhainní a chur sa timpeall, chun tacaíocht theicniúil a sholáthar, chun monatóireacht agus measúnacht a dhéanamh ar idirghabhálacha ag leibhéil éagsúla den earnáil.

**VEID/SEIF**

Tá tacaíocht Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, san earnáil seo dírithe ar an tionchar atá aige VEID/SEIF a mhaolú trí chomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí neamh-rialtasacha áitiúla agus de réir Bheartas Náisiúnta SEIF an Rialtais.

Tá fócas faoi leith ag an idirghabháil seo ar fho-earnáil an chúraim theaghlach-bhunaithe mar fhreagairt ar an méadú i líon na ndaoine atá ag tolg SEIF iomlán agus a bhfuil cúram altrais uathu ag an mbaile. Tá ualach ró-mhór ar na hionaid shláinte, le beagnach 80% de na hiontrálacha VEID/SEIF bainteach, ag spreagadh beartas de chuid an Rialtais um othair bhreoite fhoirceanta a scaoileadh amach do chúram ag an mbaile. Tá trí réimse sa chlár: forbairt acmhainne agus neartú na gcomheagraíochtaí neamh-rialtasacha trí an scátheagraíocht Zimbabwe AIDS Network; cúram teaghlach-bhunaithe ar ard-chaighdeán a sholáthar do othair VEID/SEIF; agus líonrú na n-eagraíochtaí seirbhíse um SEIF chun foghlaim agus doiciméadú a chothú. Tá fócas speisialta ag an gclár freisin ar rannpháirt na bhfear i saincheisteanna VEID/SEIF a mhéadú chun an éagothroime inscne a ísliú agus an chuimsíocht a mhéadú do fhreagairt níos éifeachtaí.



Tionscadal Líonra Comhoibriú Eacnamaíochta– ag saothrú táirgí orgánacha sa Bhoisnia-Heirseagaivéin.

# TÍORTHA NA mBALCÁN AGUS COMHLATHAS NA STÁT NEAMHSPLEÁCH (CIS)

Tharla an t-aistriú go daonlathas sna tíortha seo i dtionlacan bhun-athruithe eacnamaíochta a chur le méadú suntasach sa líon duine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht. Tá roinnt de na tíortha sna Balcáin ag fulaingt fós ó iarmhairt na ngeilleagar scriosta a d'fhág an cogadh ina dhiaidh sna 1990í. Forbairt imníoch ar leith is ea an fás fíorthapaidh i VEID/SEIF. Is é polasaí Rialtas na hÉireann ná tuairim is 2 faoin gcéad dá bhuiséad iomlán a leithdháileadh mar thaca le tionscadail a thugann faoiseamh ó bhochtaineacht dá leithéid agus a chuidíonn le grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste.

Ba é iomlán an chúnaimh a thug Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, do thíortha sna Balcáin agus i gComhlathas na Stát Neamhspleách i 2003 ná €5,517,235. Chlúdaigh sé seo líon tionscadal ilbhliantúil a léirigh béim ar chur chuige cláir le comhpháirtithe dea-bhunaithe atá gníomhach ar fud an réigiúin. I measc na gclár a fuair tacaíocht bhí cúram sláinte do pháistí atá ag maireachtáil i mbochtaineacht agus tacaíocht do dhaoine atá ag maireachtáil le míchumais sa Chosaiv, tacú oideachasúil don phobal Rómánaí sa tSeirbia, agus cabhair do íospairtigh gáinneála an duine.

Tá an daonlathú agus cosaint chearta an duine ar shaincheisteanna tábhachtacha faoi leith sna Balcáin agus i gComhlathas na Stát Neamhspleách. Tá na comhpháirtíochtaí le Comhairle na hEorpa, leis an OSCE (An Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip), le Gníomhaireachtaí roghnaithe den NA agus le pobal na n-eagraíochtaí neamh-rialtasacha mar bhunchloch dár dtacaíocht.

Is dearbhú polaitiúil de thiomantas é an Comhaontú Cobhsaíochta do Oir-Dheisceart na hEorpa mar aon le comhaontú creatlaí um chomhoibriú idirnáisiúnta chun straitéis chomhroinnte a fhorbairt do chobhsaíocht agus do fhás in Oir-Dheisceart na hEorpa. Thug an cistiú ón ár gclár i 2003 atá mar thaca le cuspóirí an Chomhaontaithe Cobhsaíochta cabhair sa phróiseas athchóirithe i dtreo na cobhsaíochta agus an fháis in Oir-Dheisceart na hEorpa. Sholáthar Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, tacaíocht freisin do bhánú na mianach talún, do obair leanúnach chun aitheantas na ndaoine atá ar iarraidh a chinntiú agus do obair bhailiúcháin agus scriosta na n-arm bheaga agus an armlóin.

I Réigiún an Chugais, tá dídeanaithe agus daoine díláithrithe ón tSeitnia go dtí an Iongúiséit agus ó Stáit chomharsana fós ag maireachtáil ar an ngannchuid. Sa bhliain 2003 sholáthar Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, tacaíocht do chlár um chothú scoileanna san Iongúiséit agus tá soláthar na fóirithinte daonchairdiúla chuig an réigiún seo ag leanacht ar aghaidh.

# DÚSHLÁIN NUA 2

## AN CHOSAIV DAOINE ÓGA AG CUR SÍOS ORTHU FÉIN

Ón mbliain 1996 i leith tá ranníocaíochtaí déthaobhacha de thuairim is €40 milliún tugtha ag Éire do aisghabháil iar-chogaidh i réigiún na mBalcán trína clár um chomhoibriú forbartha. Leantar leis an tacaíocht seo de réir mar a bhogann na tíortha thar na céime athshlánaithe iar-éigeandála i dtreo chomhtháthú polaitiúil agus eacnamaíoch níos fearr leis an gcuid eile den Eoraip.Tugadh faoi deara sa Tuarascáil Athbhreithnithe um Chúnamh Éireann, de mhí na Márta 2002, gurb é an toradh a bhí leis an gcroitheadh eacnamaíoch a thionlaic an t-aistriú go daonlathas in Oirthear na hEorpa, sa Chónaidhm Rúiseach agus i gComhlathas na Stát Neamhspleách ná méadú suntasach sa líon duine a bhí ag maireachtáil i mbochtaineacht agus nárbh fhéidir na súile a dhúnadh ar an ardú ganntanais in a lán de na tíortha seo.

Tá céatadán measartha ard de dhaoine óga i réigiún na mBalcán Thiar. Tugann na suirbhéanna is déanaí le fios go bhfuil timpeall 25% den daonra faoi bhun 17 mbliana d'aois. Soláthraíonn an treocht dhéimeagrafach seo a dúshlán leithleach féin. Tá €2.25 milliún curtha ar fáil ag Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, chun dul i ngleic le riachtanais dhaoine óga thar na tréimhse trí bliana a chuaigh thart (15% den bhuiséad iomlán). Tá saincheisteanna sláinte agus oideachais go lárnach don tacaíocht seo.

Sa Chosaiv, mar a shoiléiríonn an ghné-alt seo a leanas, a admhaítear go buíoch do oifig UNICEF i Pristina, tá sé riachtanach go mbeadh dóchas agus creideamh ag daoine óga gur féidir leo na deiseanna agus an saibhreas a dhéanann a lán dá gcomharsana talamh slán de a roinnt freisin.

### An Chosaiv Daoine Óga ag Cur Síos Orthu Féin

**Dren Rexha agus Lucia Elmi - UNICEF, Pristina.**

**Réamhrá**

Tá aos óg na Cosaive – tuairim is leath an daonra – tar éis dul tríd thréimhse de neamhsheasmhacht agus de mhór-athrú. Is glúin í a fuair an chuid is mó dá hoideachas sa chóras parailéalach gan ach beagán dóchas le poist agus le deiseanna sa todhchaí. Bhí an t-aos óg i bhfostú sa choimhlint, cibé mar dhídeanaithe nó sa chaoi go ndeachaigh an cogadh i bhfeidhm orthu.

Cé gur mhair na glúine a chuaigh roimhe seo scoite amach óna chéile, tá rochtain ag aos óg an lae inniu ar theilifís satailíte agus ar an idirlíon, rud a chlaochlaigh a ndearcadh agus a n-iompar go bunúsach. Tá na hathruithe seo á nochtadh anois i líon réimse éagsúil a bhaineann le conas a amharcann an t-aos óg ar a gcearta agus ar a bhfreagrachtaí laistigh den tsochaí.

Le linn na céime éigeandála, bhí gníomhaíochtaí in earnáil na hóige tacaithe den chuid is mó ag an bpobal idirnáisiúnta. De bharr an t-ísliú i leibhéal an chistiúcháin, tá earnáil na hóige ag tabhairt a aghaidh ar líon dúshlán a bhaineann leis an leibhéal teoranta acmhainní agus cumas atá ar fáil laistigh den tsochaí shibhialta agus de institiúidí an rialtais.

In ainneoin go mbíonn a nglórtha le cloisteáil níos minice in aghaidh an lae trí na meán agus trí thionscnaimh oideachais-piaraí, tá comhpháirtíocht na hóige sa saol sóisialta, polaitiúil agus eacnamaíoch fós ag leibhéal an-íseal. Athchomhairlíonn an cultúr agus na traidisiúin an t-aos óg, agus na cailíní go mór mhór, ó ról níos gníomhaí a ghlacadh sna réimsí poiblí agus sóisialta.

Léiríonn an t-aos óg foinse fuinnimh agus díograise ollmhór. Sa bhliain 2003, d'iarr UNICEF ar aos óg na Cosaive cur síos a dhéanamh orthu féin, faoi na dúshláin atá os a gcomhair amach agus na saincheisteanna is mó a bhfuil baint acu leo. Is achoimre é seo a leanas ar na saincheisteanna agus tugann sé sraith gníomhaíochtaí chun suntais a bhféadfadh cabhrú chun clár beartais na hóige a shainmhíniú.

**Sonas, Oideachas, Sláinte agus Comhpháirtíocht Sonas**

Tá dearcadh dearfach ar an saol ag tromlach aos óg na Cosaive. Deirtear go bhfuil seachtó cúig faoin gcéad de pháistí faoi bhun 13 bliana d'aois an-shona. Íslíonn an figiúr seo go 65 faoin gcéad idir aois 14 agus 18, agus faoi aois 18 bliain ní féidir ach le 45 faoin gcéad cur síos orthu féin mar dhaoine sona, le 47 faoin gcéad eile ag maíomh nach bhfuil siad sona ná míshona. Is buartha a thabhairt faoi deara, áfach, nár mhothaigh ach 38 faoin gcéad de dhaoine óga ó ghrúpaí mionlaigh neamh-Sheirbiach go rabhadar sona, le hiomlán 20 faoin gcéad a chur síos orthu féin mar dhaoine míshona. Cé go bhfuil líon fachtóir ann ag a mbíonn tionchar ar shástacht linbh – mar aois agus eitneachas – luaigh tromlach na bpáistí a bhí níos sine cúraimí airgeadais mar an chúis ba dhóchúil faoi nár raibh siad sona.

**Oideachas**

Bíonn ar mhic léinn a n-aghaidh a thabhairt ar líon dúshlán, mar na coinníollacha fisiciúla bochta de fhoirgnimh scoile, an ganntanas de threalamh oideachais agus an easpa ábharthachta d'ábhar agus de

mhodheolaíocht na foghlamtha. Deirtear ámh go bhfuil 35 faoin gcéad de mhic léinn "an-shásta" agus 52 faoin gcéad "ábhairín sásta" leis na coinníollacha oideachais sa Chosaiv, cé go raibh 11 faoin gcéad "míshásta". Léiríonn seo an riachtanas atá ag dul i méid chun go mbeadh córas oideachais níos ábhartha ag an aos óg a bheadh in acmhainn na scileanna agus an t-eolas riachtanach a aistriú chun iad a dhéanamh iomaíoch ar an margadh saothair.

**Sláinte agus iompar contúirteach**

Ceapann an chuid is mó den aos óg go bhfuil sláinte mhaith acu ach admhóidh siad go bhfuil tionchar diúltach ag líon fachtóir mar thruailliú an chomhshaoil, droch-chothú agus bochtaineacht ar shláinte an daonra i gcoitinne.

Is léir go bhfuil méadú ag teacht ar leitheadúlacht na ndrugaí. Thug staidéar sa bhliain 2001, a rinne an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus UNICEF, ("Measúnacht agus Freagairt Thapa ar Úsáid Shubstaintí agus Aos Óg na Cosaive") le fios go riabh tromlach na ndrugaí le fáil go héasca, de bharr, i bpáirt, go raibh bealach idirlinne á dhéanamh den Chosaiv do dhrugaí arna seachadadh chuig Iarthar na hEorpa. De réir an staidéir, cé go raibh úsáid an channabais níos ísle ná i dtíortha eile san Eoraip, bhí úsáid na hearóine agus shubstaintí cógaisíochta eile i measc an aos óg níos airde.

Bhí an tsláinte atáirgthe ina ceist imní eile do ógánaí. Cé go bpósann an chuid is mó fós ag aois an-óg, tá ardú céimseach ag teacht ar aois an phósta sa Chosaiv. Tá an t-aos óg ag éirí níos gníomhaí go gnéasach ag aois níos óige ná mar a bhíodh roimhe seo.

Thug an suirbhé le fios freisin nár chuala a lán daoine óga trácht ar ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha. Bac eile chun feabhas san eolas agus chun seachaint iompair chontúirtigh a chinntiú is ea an easpa seirbhísí sláinte cairdiúla do dhaoine óga, áit a mbeadh an t-aos óg in ann saincheisteanna sláinte a phlé i dtimpeallacht rúnda.

Tá an Chosaiv fós ar cheantar ard-leitheadúlachta do VEID/SEIF (HIV/AIDS) i gcomparáid le ceantair eile in Oirthear an hEorpa. De bharr an easpa córais fhaireacháin IGT/VEID feidhmiúil, tá sonraí ar leitheadúlacht an VEID teoranta ach tugann an chuid is mó de na meastacháin le fios go bhfuil sé faoi bhun 0.1 faoin gcéad. É seo ráite, tugann líon fachtóir le fios go bhfuil an seans ann go n-athróidh seo. Áirítear ina measc nochtadh na Cosaive mar phointe idirlinne agus ghlactha do mhná ar gáinneáladh iad, daonra óg agus soghluaiste, méadú ar fháil dhrugaí, ardú in úsáid drugaí go hinfhéitheach, pobal mór idirnáisiúnta, mar aon le moráltachtaí sóisialta atá ag athrú go tapa.

**Clár beartais don óige**

Má chuirtear tábhacht na hóige do thodhchaí na Cosaive san áireamh, tá sé ríthábhachtach go dtosódh an lucht ceaptha beartais ar phlé a dhéanamh de réir oird agus eagair leis an aos óg. Eascraíonn líon eochair-shaincheist ón anailís ar na dearcaidh thuas.

Tá riachtanas práinneach ann chun teagmháil a dhéanamh leis an aos óg, chun éisteacht leo agus chun dul i gceann a gcuid cúraimí. Ba chóir go mbeadh baint ag an oideachas agus ag an oiliúint le deiseanna fostaíochta na todhchaí.

- D'fhéadfadh bunú comhairlí na n-óg agus comhlachtaí ionadaíochta eile a sholáthraíonn ardán don aos óg chun imoibriú le comhlachtaí ceaptha beartais deis a sholáthar chun an mothú úinéireachta atá in easnamh a mhéadú.
- Tá riachtanas (agus deis) soiléir ann chun tógáil os cionn na ngrúpaí dinimiciúla atá ag teacht i réim sa tsochaí shibhialta agus chun tacaíocht ghníomhach a thabhairt do ghrúpaí óige agus do eagraíochtaí neamh-rialtasacha a phléann saincheisteanna óige agus iad a chur chun cinn.
- Tá deis ann freisin leanacht le comhpháirtíocht na ndaoine óga ar an Teilifís agus ar an raidió a chur chun cinn, agus fóram a sholáthar don aos óg chun teacht le chéile chun a dtaithí agus a ndearcaidh a mhalartú.

Ba chóir go mothódh agus go gcreidfeadh aos óg ó gach phobal go mbeidh páirt acu i bhfás agus i saibhreas thodhchaí na Cosaive. Gníomhóidh na rátaí arda dífhostaíochta i measc dhaoine óga mar aon le córas oideachais atá ag cliseadh chun daoine a ullmhú le saol torthúil a chaitheamh mar phointe thógála do dhoicheall i measc an aos óg ó gach phobal. Ó tharla go bhfuil na luachanna sóisialta ag athrú go tapa agus go bhfuil easpa eolais agus feasachta ar roghanna stíl bheatha sláintiúla ann, tá sé soiléir go dteastóidh eolas ar shláinte agus ar scileanna beatha eile a scaipeadh i slí níos fhorleithne. Beidh soláthar seirbhísí sláinte cairdiúla do dhaoine óga ina chuid thábhachtach chun slite beatha níos fearr agus níos sláintiúla a chinntiú a ligfidh don aos óg an t-eolas agus an treoir a theastaíonn uathu a fháil chun roghanna fóinteacha a thógáil ina gcuid saoil.

# AN PHALAISTÍN

Development Cooperation Ireland Assistance to Palestine in 2002:

| | |
|---|---|
| **CABHAIR DHÉTHAOBHACH** | €2,012,000 |
| **CISTIÚ ÉIGEANDÁLA (UNRWA, TRÓCAIRE)** | €1,260,000 |
| **BUNCHISTIÚ AN UNRWA** | €1,000,000 |
| **AN SCÉIM UM CHLÁR ILBHLIANTÚIL** | €330,500 |

**DAONRA:** 4.2 milliún (Oifig Staidrimh na Palaistíne 2004)

Léiríonn timthriall cúnaimh reatha Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, don Phalaistín líon gealltanas cúnaimh a tugadh ag céimeanna éagsúla de phróiseas síochána an Mheán Oirthir, an ceann is déanaí a tugadh tar éis an Chomhaontaithe Wye River i mí Dheireadh Fómhair 1998. Ar an ócáid sin gheall Éire ranníocaíocht bhliantúil a chinntiú don Phalaistín ag US$2m le linn na tréimhse 1999-2003. Tá an gealltanas seo sáraithe go mór ag Éirinn le linn na tréimhse. Déantar an cistiú don Phalaistín a chomhordú ag Oifig Ionadaíochta na hÉireann atá suite i Ramallah.

### Straitéis Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, um Chistiú

Ó bhris an *Intifada* is déanaí amach i mí Mheán Fómhair 2002, d'fhreagair clár Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, sa Phalaistín do na riachtanais atá de shíorathrú ag muintir na Palaistíne. Sa bhliain 2003 rinneadh Straitéis Eatramhach don Phalaistín a fhormheas. Forbraíodh an cur chuige seo mar fhreagairt ar na coinníollacha a bhí i réim ar an talamh tar éis beagnach trí bliana den *Intifada*, a chruthaigh fulaingt dho-inste do phobal na Palaistíne agus a spreag cor trom eacnamaíoch chun donais agus leibhéil bhochtaineachta agus dífhostaíochta gan réamhshampla. Cuireadh an straitéis in iúl le hathbhreithniú arna choimisiúnú ag Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, i mí Dheireadh Fómhair 2002 chun an straitéis dhaonchairdiúil is oiriúnaí um chistiú a aithint don Phalaistín i 2003.

Ba é an sprioc fhoriomlán a bhí ag an Straitéis Eatramhach (Meitheamh 2003 – Meitheamh 2004) ná **"na hiarmhairtí ábhartha den choimhlint leanúnach a mhaolú, trí chumas comhpháirtithe Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, a neartú, cumas an Údaráis Phalaistínigh ach go háirithe, chun freagairt a thabhairt ar an ngéarchéim agus chun tús a chur mar ba fhéidir le riachtanais fhorbartha thodhchaí mhuintir na Palaistíne a chomhlíonadh".** Is iad na **prionsabail threorach** don chur chuige ná:

- Oibriú trí institiúidí áitiúla agus iad a neartú chun na bunseirbhísí a choimeád sa timpeallacht reatha;
- Oibriú chun a chinntiú go rachaidh na freagairtí daonchairdiúla ar riachtanais éigeandála reatha i gceann na fadhbanna láithreacha laistigh den chomhthéacs de chláir fhorbartha níos fad-théarmaí;
- Comhordú agus comhoibriú idir bronntóirí a spreagadh agus a éascú mar thaca le pleananna agus le hinstitiúidí atá faoi úinéireacht áitiúil, agus
- Oibriú le bronntóirí eile chun cabhrú le gníomhaireachtaí na Naisiúin Aontaithe (UNRWA agus UNDP) chun ionstraimí fóirithinte éifeachtacha a fhorbairt do mhuintir na Palaistíne.

Mar thaca leis an straitéis seo sa bhliain 2003, cuireadh tacaíocht mhaoinithe iomlán de €4.6m ar fáil do na cláir seo a leanas[1].

### An Earnáil Oideachais

Sholáthair Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, cistí do Aireacht Oideachais agus Ardoideachais na Palaistíne sa bhliain 2003 chun tacaíocht a thabhairt don fhorbairt leanúnach ar an gcuraclam nua Palaistíneach trí mhaoiniú na clódóireachta do théacsleabhair Grád 8 le n-úsáid i scoileanna an Rialtais agus an UNRWA i Gaza agus ar an mBruach Thiar.

### Na hEarnálacha Sláinte agus Sóisialta

Tá cúnamh á thabhairt ag Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, do Ollscoil Bheithil ó 1987 i leith. Tá an cistiú i láthair na huaire dírithe ar chláir phobail fhor-rochtana san fhisiteiripe, sa teiripe shaothair, i gcaighdeán an uisce, altracht nua-naíoch, cnáimhseachas agus forbairt an oideachais.



Páistí ocht mbliana d'aois i scoil UNRWA i gcampa dídeanaithe de chuid an UNRWA sa Phalaistín. Le caoinchead ó Tom Bellew

**Cearta an Duine**

Tá cearta an duine fós ina ghné thábhachtach de chúnamh na hÉireann don réigiún. Tugtar cistiú do chláir a dhíríonn ar chearta na bpríosúnaithe, na mban agus na leanaí sa Phalaistín agus freisin ar athmhuintearas, ar an tsochaí shibhialta agus ar thógáil institiúidí daonlathacha.

**Fóirithint Éigeandála**

Rinneadh an cúnamh seo a sheachadadh trí bhunchistiú agus mar fhreagairt shonrach ar agairtí éigeandála an UNRWA. Tá iarrachtaí fóirithinte an UNRWA dírithe ar na hearnálacha oideachais, sláinte, bunseirbhísí agus ar sholáthar áiseanna mhicrairgeadais. Leithdháileadh cistiú freisin ar chlár éigeandála um fhostaíocht agus um uisce a cuireadh i gcrích ag Trócaire i ndúiche Zababdeh ar an mBruach Thiar.

**Na Cláir um Rialtas Áitiúil & um Fhorbairt na Tuaithe**

Cuireadh tús sa bhliain 2003 le comhpháirtíocht nua idir Éire agus Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP) a chinnteoidh béim na hÉireann ar fhorbairt fhad-théarmach i gcomhcheangal le fóirithint éigeandála. Cuideoidh Clár Forbartha Tuaithe Áitiúil de chuid an UNDP, atá mar ghné thábhachtach de Phlean Forbartha Náisiúnta Údarás na Palaistíne, le forbairt deich mbaile beag tuaithe sa réigiún Jenin.

**An tSochaí Shibhialta**

Fuair foireann Speisialta Oilimpeacha na Palaistíne deontas de €12,000 chun an fhoireann de 15 lúthchleasaí a fheistiú amach agus chun ligean dóibh freastal ar na Cluichí Speisialta Oilimpeacha a eagraíodh i mBaile Átha Cliath i samhradh na bliana 2003. Ón mbliain 2001 go 2003, fuair cláir éagsúla sa Phalaistín maoiniú trí Scéim Chomh-Mhaoinithe na n-Eagraíochtaí Neamh-Rialtasacha agus trí Scéimeanna Mhicrithionscadail. Tá cistiú curtha ar fáil ag an Scéim um Chlár Ilbhliantúil (MAPS) do chláir Christian Aid sa Phalaistín a chuidíonn le forbairt chláir um chearta an duine, um fhorbairt acmhainne, um an tsochaí shibhialta agus um athlonnú.

# DUSHLÁIN NUA 3

## COMHCHUIBHIÚ AGUS A RANNCHUIDIÚ LE HÉIFEACHTÚLACHT AN CHÚNAIMH

**F. Farrelly, Comhoibriú um Fhorbairt, Éire**

Thar na tréimhse deich mbliana a chuaigh thart, tá comhdhearcadh ag fás dé réir a chéile i measc an phobail shaorálaigh maidir le riachtanas práinneach chun a mbeartais, a nósanna imeachta agus a gcláir a "chomhchuibhiú" agus iad a "ailíniú" le córais a gcomhpháirtithe sna tíortha atá i mbéal forbartha. Cuireann an focal "comhchuibhiú" féin cosúlacht agus easpa imris in iúl dúinn. Focail eile atá san fhoclóir dhealraitheach a thimpeallaíonn an téarma comhchuibhiú ná "úinéireacht", "sothuarthacht", "leanúnachas" agus "comhlántacht". Céard atá ag brú an chláir oibre seo ar aghaidh mar sin, cad iad na torthaí a bhí leis agus cén fóram ina leantar leis an díospóireacht?

### Cad chuige an Comhchuibhiú?

De bharr na bochtaineachta leanúnaí ar fud an domhain atá i mbéal forbartha agus na hiarrachtaí idirnáisiúnta chun dul i ngleic lei mar atá imchochlaithe i Spriocanna Forbartha na Mílaoise (MDGs), tá sé ríthábhachtach an t-uasmhéid éifeachtúlachta a bhaint as an gcúnamh, agus dar ndóigh as chaiteachas na rialtas comhpháirtithe. Ba í an mhódúlacht chabhrach ba iomadúla suas chuig tús na 1990í ná an chabhair do thionscadail. Bhí de réir tréithe aici seo ná na riachtanais a d'aithin na bronntóirí a chomhlíonadh, gur ceapadh í ag comhairleoirí ó thíortha bronntóra, gur cuireadh i bhfeidhm agus gur bainistíodh í ag gníomhaireachtaí bronntóra agus go ndearnadh athbhreithniú agus measúnacht rialta uirthi ag foirne de chomhairleoirí imirceacha. Ag teacht i dtreo na céime deiridh i dtimthriall an thionscadail, dhéanfaí iarrachtaí de ghnáth chun é a chur ina luí ar na rialtais úinéireacht a ghlacadh as an tionscadal. Go minic, níor cuireadh impleachtaí an chostais athfhilltigh a bheadh ag na tionscadail ar bhuiséid na rialtas san áireamh suas go dtí an pointe seo. Bhí a gcuid saintreoracha agus a gcuid cuspóirí beartas féin ag bainisteoirí na dtionscadal agus dhéanfadh siad iarracht a bhfiúntas a chur ina luí ar na rialtais. Bhí na rialtais faoi réir mar thoradh ar seo ag comhairle éagsúil bheartais ó bhronntóirí, a bheadh uaireanta ag teacht salach ar a chéile.

Go hachomair, in áit acmhainn an rialtais a neartú, ba é a mhalairt éifeachta a bhíodh ag tionscadail bhronntóir-thacaithe go minic. Trí fhoireann an rialtais a mhealladh isteach in aonaid um fheidhmiú na dtionscadal, chuaigh acmhainn an rialtais i laige. Ag an am céanna chuir iondúlacht na misinéirí a thagadh ar cuairt brú mór ar ard-fheidhmeannaigh an rialtais. Go minic ní mhairfeadh sochair an thionscadail tar éis tacaíocht na mbronntóirí a thabhairt chun críche. D'eascair na lochtanna seo ón easpa comhordaithe (a) idir na bronntóirí agus (b) idir na bronntóirí agus an rialtas. I gcás leanúnach, comhordaithe agus faoi úinéireacht áitiúil, is féidir le tionscadal fós a bheith ina mhódúlacht dhlisteanach chabhrach .

### Iarrachtaí chun éifeachtúlacht an chúnaimh a fheabhsú

Cuireadh tús go luath sna 1990í le Cláir Earnála – dá ngairtear Cur Chuige Fairsing Earnála (SWAp) nó Cláir Infheistíochta Earnála (SIP) go minic – mar fhreagairt dhíreach ar na laigí a tugadh faoi deara sna cláir um chúnamh tionscadal-bhunaithe. Cuirtear béim iontu ar chomhaontú idir an rialtas agus na bronntóirí ar straitéis earnála agus ar chomhordú ghníomhaíochtaí an rialtais, na mbronntóirí agus na n-eagraíochtaí neamh-rialtasacha faoi bhainistíocht an rialtais. Cuimsíonn siad de ghnáth

- Straitéis don earnáil atá i dtrácht;
- Clár um chaiteachas rialtais ina gcuimsítear costais chaipitil agus athfhillteacha araon;
- Creatlach bhainistíochta a sholáthraíonn comhnósanna imeachta um fheidhmiú – lena n-áirítear comh-athbhreithniú, iniúchadh agus measúnacht – dá bhfuil na bronntóirí agus an rialtas tiomanta;
- Tiomantais um chistiú ó na rialtais chomhpháirtithe agus na bronntóirí. Tá meicníochtaí éagsúla ann do chistiú ach áirítear comhchiste maoinithe bronntóra, ag an leibhéal tacaíochta is airde don bhuiséad earnála. Mar thacaíocht bhuiséid, tá cistiú na mbronntóirí do-aitheanta ó chistiú an rialtais agus imdháiltear é trí Státchiste an rialtais, a chórais sholáthair agus cuntasaíochta;
- Íosúsáid de Chúnamh Teicniúil imirceach;
- Caibidlíocht ar Bheartas. Tagann grúpa earnála le chéile go rialta, ina bhfuil ionadaithe ó bhronntóirí sa tír agus feidhmeannaigh an rialtais páirteach ann, chun beartais a phlé agus a chomhaontú agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn. Bíonn feidhmeannaigh níos sinsearaí agus saineolaithe ó Cheanncheathrúna na mbronntóirí páirteach sna Misin bliantúla um athbhreithniú.

Baineann na Cláir Earnála úsáid as córais agus as foireann an rialtais agus feabhsaíonn siad a n-acmhainní, cuirtear freagracht agus úinéireacht áitiúil chun cinn agus íslítear na costais do idirbhearta. Léiríonn na cláir seo dul chun cinn nach beag ar an gcabhair do thionscadail ach ní nach bhfuil fadhbanna dá gcuid féin acu. Taispeántar go bhfuil na hamanna seolta i bhfad níos faide ná mar a bhí súil leo. Tógfaidh sé go leor ama chun na socruithe oibre a chomhaontú, chun bunfheidhmeanna na n-Aireachtaí a aithint agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu thart ar na feidhmeanna sin, chun an acmhainn riachtanach a fhorbairt, agus chun na córais airgeadais a cheapadh srl. Léirítear deacrachtaí freisin maidir le tionscadail bhronntóra atá ann i láthair na huaire a chuimsiú sna cláir earnála.

### Tacaíocht Ghinearálta Buiséid

I gcomhthéacs na gclár um athcheartú struchtúrtha, bhí cabhair curtha ar fáil ag mór-bhronntóirí i bhfoirm tacaíochta do chomhordú na n-íocaíochtaí. Áirítear i measc fhoirmeacha eile de chúnamh neamhshonrach, idirmhalartach an bhiachabhair agus an faoiseamh ó fhiachas. Mar chuid den Tionscnamh um Thíortha Bochta atá in Ard-Fhiacha (HIPC), bhí sé de dhualgas ar na tíortha atá i mbéal forbartha agus ag baint sochar as, scéim Pháipéir Straitéise um Laghdú na Bochtaineachta (PRSPs) a ullmhú. Is éard iad na PRSPs ann ná straitéisí forbartha trí-bliana sóisialta agus eacnamaíoch a leagan síos fís do fhorbairt náisiúnta le príomhfhócas ar laghdú na bochtaineachta. Bhí éagsúil mhór eatarthu i dtosach báire ó thaobh an chaighdeáin agus an méid inar léirigh siad tiomantas do laghdú na bochtaineachta. Ach tá feabhas tagtha ar na Straitéisí PRSP thar ama. Léirigh an taithí ar chabhair na gclár, an ghluaiseacht i dtreo thacaíocht do bhuiséid earnálacha laistigh de Chláir Earnála agus forbairt na PRSPs comhthionól de fhachtóirí a chumasaigh na bronntóirí chun soláthar cabhrach i bhfoirm Tacaíochta Ginearálta Buiséid a mheas.

Is féidir an Tacaíocht Ghinearálta Buiséid a mheas mar an fhoirm chabhrach is "comhchuibithe" atá ann. Téann bronntóirí ar spéis leo é i mbun cainte beartais leis an rialtas ach sa chás seo baineann an chaibidlíocht le beartas agus le cobhsaíocht mhicreacnamaíochta agus le buiséad an rialtais ina iomláine seachas le haon earnáil amháin. Bíonn súil ag na bronntóirí le rian na gcuspóirí PRSP a fheiceáil sa bhuiséad. Éilítear leibhéal oscailteachta gan réamhshampla óna rialtais comhpháirtithe. Tagann gach caiteachas míleata agus caiteachas eile a bhaineann le slándáil, mar aon le caiteachas na hUachtaránachta i gcás Uganda fiú amháin, faoin micreascóp agus faoi réir iniúchta. Mar mhalairt ar an gcaighdeán agus ar an leibhéal caibidlíochta agus oscailteachta seo, ráthaíonn na bronntóirí go ndéanfar a ngealltanais airgeadais a íoc agus go mbeidh siad sothuartha le linn na bliana airgeadais reatha. D'fhéadfadh, i gcás aon fhadhb a tharlaíonn i gcur i bhfeidhm an bhuiséid, a léiriú sna leibhéil de thacaíocht bhuiséid a sholáthrófaí an bhliain dar gcion.

Is í an Tacaíocht Ghinearálta Buiséid an mhódúlacht chabhrach gur b'fhearr le a lán tíortha atá i mbéal forbartha. Cumasaíonn sé na rialtais chun cionmhaireacht níos mó de na hacmhainní atá ar fáil do thír laistigh de chreatlach an bhuiséid a phleanáil agus a chomhordú agus chun dul i gceann iomlán riachtanais na tíre i slí thosaíochta agus chomhordaithe. Caithfidh muinín a bheith ag na bronntóirí áfach, go bhfuil bunleibhéal rialachais, riaracháin phoiblí agus cuntasachta ar fáil sa tír sular féidir leo cabhair a imdháileadh sa tslí seo. Níl gach bronntóir in acmhainn tacaíocht ghinearálta buiséid a sholáthar de bharr chúiseanna polaitiúla agus dlíthiúla. Fanann módúlachtaí eile cabhrach in éifeacht agus is féidir iad a sholáthar i slí chomhchuibhithe. Ba chóir do thionscadail, mar shampla, cuspóirí an rialtais a léiriú mar a shoiléirítear iad sa PRSP agus a bheith mar chuid de chlár earnála. Féadfaidh bronntóir, mar shampla, maoiniú a thabhairt do thógáil bóthair a bhfuil tús áite tugtha dó i gclár na hearnála bóthair, mar gur fhoráil an clár do chothabháil leanúnach. D'fhéadfaí córais chuntasaíochta an rialtais nó oifig an ard-reachtaire a neartú trí thionscadal.

### Ag Cur an Díospóireacht Chun Cinn

Is é an Coiste Comhairleach Forbartha (DAC) den Eagraíocht um Chomhoibriú agus Fhorbairt Eacnamaíoch (OECD) an príomhfhóram ina ndéanann an pobal idirnáisiúnta an beartas um chabhair a phlé agus a chomhaontú. Tagann Tascfhoireann an DAC um Chomhchuibhiú agus um Ailíniú le chéile ar bhonn rialta. Mar aon leis na tíortha bronntóra, tá ionadaithe ag 14 rialtas comhpháirtithe sa Choiste agus glacann siad páirt ghníomhach ina chuid oibre. Is é an rannchuidiú is mó a dhéanann an DAC ná staidéir a choimisiúnú a aithníonn an cleachtas is fearr agus a chuireann an comhchuibhiú agus an t-ailíniú chun cinn i measc na mball. Áirítear i measc fhóraim eile ina ndéantar plé ar éifeachtúlacht agus ar chomhchuibhiú an chúnaimh:

1 Déanann idirmhalartach tagairt amhlaidh go bhfuil éifeacht dhíláithrithe ag cúnamh, i.e. sé sin le rá trí thacú le gníomhaíocht áirithe mar oideachas nó sláinte, scaoiltear acmhainní an rialtais do ghníomhaíochtaí eile neamh-bhainteacha.



Liz, deich mbliana d'aois, i Kumi in Uganda, atá ag súil a bheith ina healaíontóir nuair a bhéas sí níos sine. Le caoinchead ó Anne O'Keefe

- An tAontas Eorpach: Bunaíodh Meitheal Oibre ad hoc um Chomhchuibhiú (AHWPH) mar thoradh ar Chonclúidí na Comhairle a glacadh le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE. Tá ar an AHWPH tuairisciú ar ais don Chomhairle faoi mhí na Samhna 2004 ar bhearta praiticiúla gur féidir leis an AE a ghlacadh chun comhordú agus comhchuibhiú níos fearr a dhéanamh idir na Ballstáit agus an Coimisiún agus chun féachaint chuige go n-uasmhéadóidh a gcláir um chomhoibriú forbartha an leibhéal comhlántachta.
- An Clár Speisialta um an Afraic (SPA), an Líonra Foghlamtha um Chur Chuige Clár-Bhunaithe (LENPA) agus an Grúpa Nordach . Áirítear mar bhaill den ghrúpa deiridh an Iorua, an tSualainn, an Fhionlainn, an Danmhairg, an Ísiltír, an Ríocht Aontaithe agus Éire. Is tíortha iad uile atá ag cur bearta praiticiúla i bhfeidhm chun foirmeacha comhchuibhithe agus níos éifeachtaí de sheachadadh cabhrach a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tá tús curtha ag an ngrúpa Nordach le cleachtadh dar teideal "Comhchuibhiú i gCleachtas" sa tSaimbia agus tá Comh-mheamram Tuisceana (MOU) forbartha acu do thacaíocht bhuiséid a chumasaíonn gach ball atá ag rannchuidiú le clár tacaíochta ginearálta buiséid áirithe an MOU céanna a shíniú leis an rialtas comhpháirtithe.

**Rannchuidiú na hÉireann**

Tá Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, ina bhall gníomhach de gach líonra agus gach grúpa thuasluaite. Thar na tréimhse deich mbliana a chuaigh thart, bhíomar chun tosaigh i bhforbairt na gclár earnála agus measann ár rialtais chomhpháirtithe go bhfuil Éire ar cheann de na comhpháirtithe is forásaí atá acu. Ó tionscnaíodh iad, tá páirt glactha ag Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, i gcláir earnála agus fo-earnála san Aetóip, sa Tansáin, sa Mhósaimbíc, sa Uganda, san Afraic Theas, sa tSaimbia agus i Leosóta. I measc na n-earnálacha a cuimsíodh bhí Sláinte, Oideachas, Talmhaíocht agus Bóithre. Soláthraíonn Éire cionmhaireacht dá tacaíocht don Uganda, don Tansáin agus do Mhósaimbíc i bhfoirm thacaíochta ginearálta buiséid agus tá beartaithe aici an rud céanna a dhéanamh san Aetóip. Tá Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, comhpháirteach i láthair na huaire i mór-mheasúnacht comhbhronntóra den Tacaíocht Ghinearálta Buiséid atá á chur i bhfeidhm faoi choimirce an DAC. Beidh torthaí na measúnachta ar fáil sa bhliain 2005.

**Conclúid**

Dea-rialachas, daonlathas, slándáil, urraim do chearta an duine, riarachán poiblí éifeachtach agus bainistiú fiúntach an airgeadais phoiblí, dea-beartais in eochair-earnálacha, infheistíocht phoiblí chuí, timpeallacht atá fabhrach chun fiontar a fhorbairt agus infheistíocht phríobháideach – tá siad seo uile ríthábhachtach do fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta, do laghdú na bochtaineachta agus do bhaint amach Spriocanna Forbartha na Mílaoise. Tá eochair-ról ag an rialtas chun na paraiméadair thábhachtacha seo a bhunú agus i ngeall ar sin, tá sé ríthábhachtach go bhforbródh an chabhair acmhainn na rialtas comhpháirtithe seachas an bunsraith a bhaint as, agus go gcothódh agus go spreagfadh sí úinéireacht agus freagracht áitiúil as an bhforbairt seachas é a leithreasú do ghníomhaireachtaí bronntóra. Seo é an clár oibre do éifeachtúlacht, do comhchuibhiú agus do ailíniú an chúnaimh agus tugann Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, tacaíocht láidir agus sheasta dó.



Slua de pháistí lúcháireacha, sláintiúila. Buíochas le MAPS

# Éigeandáil & Aisghabháil

# FÓIRITHINT ÉIGEANDÁLA AGUS CÚNAMH AISGHABHÁLA

**Réamhrá**

Gach bliain, cailltear tuairim is 60,000 duine mar thoradh ar thubaistí nádúrtha ar fud na cruinne; téann na tubaistí seo i bhfeidhm ar thuairim is 200 milliún duine agus bíonn costas timpeall €30 billiún orthu i dtéarmaí an chaillteanais eacnamaíche. Faigheann a lán daoine eile bás mar thoradh ar choimhlint, ar ghorta agus ar ghéarchéimeanna bainteacha. Titeann tromlach na n-éigeandálaí daonchairdiúla amach i dtíortha íseal-ioncaim agus tugann claonta domhanda le fios go bhfuil an líon duine atá faoi bhagairt ag tubaistí ag fás de réir 70 go 80 milliún in aghaidh na bliana.

Is eochair-chuspóir de fhreagairt éigeandála na hÉireann é daoine atá faoi bhagairt ag tubaistí nádúrtha agus ag géarchéimeanna de dhéantús an duine iad a shábháil agus a chosaint de réir na gcleachtas is fearr agus na n-eochairphrionsabal treorach. Tá nasc doréitithe idir laghdú na dtubaistí, fóirithint éigeandála, aisghabháil agus baint amach Spriocanna Forbartha na Mílaoise.

Sa bhliain 2003, sholáthar Éire cúnamh éigeandála agus aisghabhála do bhreis is 30 tír ar fud na hAfraice (timpeall €19.5 milliún); na hÁise (timpeall €4.2 milliún); an Mheán Oirthir (timpeall €7.5 milliún) agus i Meiriceá Láir agus Theas (€200,000). Rinneadh cúnamh breise a sheachadadh ar bhonn réigiúnach agus fuair roinnt Eagraíocht Neamh-Rialtasach (Christian Aid, Concern, Goal, Oxfam, Trócaire agus World Vision) maoiniú tosaithe chun freagairt dhaonchairdiúil thapa a éascú do chéimeanna tosaigh éigeandála.

Rinneadh breis is €35 milliún a sheachadadh chun na bunriachtanais dhaonchairdiúla agus aisghabhála do chuid de na daonraí is boichte ar domhan sa bhliain 2003 a chomhlíonadh. Cuireadh €1 milliún breise ar fáil le linn na seachtaine deiridh de mhí na Nollag chun cuidiú le híospairtigh an chreatha talún i mBam san Iaráin. Tá liosta iomlán de na gníomhaireachtaí agus de na cláir a fuair cistiú tugtha sna haguisíní ábhartha.

**An Afraic**

Le linn na bliana 2003 bhí an Afraic fós ar an bpríomhfhaighteoir de chúnamh éigeandála agus aisghabhála ó Rialtas na hÉireann. Rinneadh an chabhair a sheachadadh trí chomhpháirtithe cumasacha agus oilte mar Chlár Domhanda an Bhia, UNICEF, UNHCR, clann na Croise Deirge agus eagraíochtaí neamh-rialtasacha. Tugadh breis is 55% de chúnamh éigeandála agus aisghabhála na hÉireann don Afraic sa bhliain 2003.

**Deisceart na hAfraice:** Bhí an réigiún seo ina fhócas do mhór-iarracht idirnáisiúnta chun gorta a choinneáil as sna blianta 2002 agus 2003. D'éirigh leis an iarracht seo go rathúil chun a chinntiú go ndearnadh gorta iomlán a sheachaint. Ghlac Éire a páirt trí beagnach €9 milliún a sheachadadh mar chúnamh díreach chuig na daoine is mó a bhí buailte sa réigiún. Leis an tábhacht chéanna, chomhlánaigh Éire a cúnamh trí ghníomhú polaitiúil chun feasacht ar shaincheisteanna slándála bia a mhéadú agus trí straitéisí a fhorbairt chun a chinntiú conas a bhféadfaí na riachtanais a chomhlíonadh sa tslí ab fhearr ag leibhéal náisiúnta agus réigiúnach araon. I mí Iúil 2003 thug an tUas. James Morris, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Chlár Domhanda an Bhia, cuairt ar Éirinn chun cúrsaí slándála bia agus forbartha a phlé. Thug an tUas. Morris moladh d'Éirinn as an obair a rinne sí chun saincheisteanna slándála bia a thabhairt chun suntais agus as a rannchur le hobair ar Chlár Domhanda an Bhia.

Le linn na géarchéime bia i nDeisceart na hAfraice d'éirigh na naisc idir an tslándáil bhia agus an phaindéim VEID/SEIF níos follasaí fós. Tá an dúshraith bainte ag an bpaindéim de straitéisí traidisiúnta clainne agus pobail chun an lámh in uachtar a fháil ar thriomach. Cailleann na pobail na baill is táirgiúlaí iontu agus mar thoradh baintear an dúshraith den acmhainn chun a bheith in ann cúrsaí a bharraíocht agus de na líontáin shábhála a bhí acu. Díoltar sócmhainní chun na bunriachtanais a chomhlíonadh agus carnaíonn na costais shochraide. Bristear síos creatlach shóisialta de shochaithe iomlána de bharr na pandéime.

Tá an dearcadh maidir le neamhdhaingne bhia mar ghéarchéim shealadach ag seangú as go tapa. Ní imeoidh na fadhbanna atá á bhfulaingt i ndeisceart na hAfraice leis an gcéad shéasúr báistí eile. Tá curtha leis an leochaileacht go ginearálta ag VEID/SEIF agus tá na milliúin duine bocht agus leochaileach arna dtuirlingt níos ísle fós i dtreo na dúbhochtaineachta. Tá an bonn bainte ag droch-rialachas, sa tSiombáib ach go háirithe, as ceann de na ceantair thorthúla sa réigiún go traidisiúnta. Ní féidir éigeandálaí,

aisghabháil agus forbairt a scaradh óna chéile a thuilleadh mar a bheadh gach ceann díobh leithleach agus éagsúil. Tá cur chuige cuimsitheach ríthábhachtach chun dul i ngleic le bunchúiseanna na géarchéime leanúnaí daonnúla.

Tá dúshláin mhillteanacha os comhair na mbronntóirí mar Éire. Níl aon réiteach simplí ann. Chun timthriall na leochaileachta a bhriseadh tá sé ríthábhachtach na riachtanais láithreacha a chomhlíonadh ach freisin dul i ngleic le bunchúiseanna struchtúrtha na bochtaineachta. Trí chur chuige comhpháirtíochta, téann Éire i mbun caibidlíochta le Rialtais, pobail, bronntóirí, eagraíochtaí neamh-rialtasacha agus le gníomhaireachtaí forbartha eile ar bhonn Phleananna Straitéise um Laghdú na Bochtaineachta (PRSP). Soláthraíonn na PRSPs creatlach do phróiseas tosaíochta acmhainní na hAfraice mar aon le beartais ag a bhfuil an cuspóir chun an bhochtaineacht a laghdú. Tá an seans is fearr ag an gcur chuige cuimsitheach seo faoi úinéireacht Afracach ag na bronntóirí, na Rialtais agus na sochaithe sibhialta chun athrú treo a thabhairt don cheann le fána atá ag na táscairí sóisialta agus eacnamaíocha.

**Adharc na hAfraice**

Lean Éire ag tabhairt cúnamh suntasach do réigiún Adharc na hAfraice le linn na bliana 2003. Go luath sa bhliain 2003, thug an tUas. Tom Kitt, Aire Stáit, cuairt ar an Aetóip chun an tionchar a bhí ag triomach fadaithe agus ag neamhdhaingne bhia ar an tír a fheiceáil agus a mheas. Bhuail sé le Príomh-Aire Meles agus le heochair-ghníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe. Ag leanacht ar aghaidh óna chuairt scríobh an tAire Stáit chuig a chomhghleacaithe san Aontas Eorpach mar iarratas ar athdhúbláil na n-iarrachtaí chun dul i ngleic leis an easnamh bia. Rinneadh beagnach €3.5 milliún a sheachadadh chuig an réigiún trí an mbuiséad éigeandála agus leithdháileadh €1 milliún sa bhreis ar an Aetóip ó Bhuiséad na dTíortha. Cuireadh an cúnamh ar fáil trí réimse leathan de ghníomhaireachtaí na N.A. agus eagraíochtaí neamh-rialtasacha. Go déanach sa bhliain 2003 chuir Rialtas na hAetóipe a straitéis i láthair maidir le dul i gceann na mbunchúiseanna do neamhdhaingne bhia laistigh de thréimhse cúig bliana sa chomhthéacs de "Chomhghuaillíocht Nua um Shlándáil Bhia san Aetóip". Fáiltíonn Éire roimh an gcur chuige seo chun dul i gceann na saincheisteanna bia i slí iomlánaíoch.

Sa tSúdáin, sholáthar cistiú na hÉireann na hacmhainní do eochair-chomheagraíochtaí neamh-rialtasacha mar Oxfam agus Medicines Sans Frontieres chun na bunriachtanais sláinte agus uisce a chomhlíonadh. Comhlíonadh na bunriachtanais chothaithe trí obair le Clár Domhanda an Bhia agus le UNICEF. Fuair an tSúdáin breis is €2.3 milliún i gcúnamh ó na buiséid éigeandála/aisghabhála. Cuireadh €1.8 milliún breise ar fáil do eagraíochtaí neamh-rialtasacha na hÉireann (Concern, Goal, Trócaire) don tSúdáin trí an Scéim um Chlár Ilbhliantúil (MAPS).

**Seoladh an Phróisis Chomhtháite Agartha de chuid na N.A.**

Buaicphointe de chuid na bliana 2003 ná seoladh ag na Náisiúin Aontaithe dá Phróiseas Comhtháite Agartha (CAP) 2004, i mBaile Átha Cliath ar an 19ú Samhain. Ba onóir mhór d'Éirinn an ócáid seo a chur i láthair agus bhí sé ina chomhartha ar cháil na hÉireann atá ag dul i méid sa réimse um ghníomhú daonchairdiúil. Soláthraíonn an CAP ardán tábhachtach don N.A. chun géarchéimeanna daonnúla ar fud an domhain a thabhairt chun suntais agus chun creatlach a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí na N.A. ionas go n-oibreoidh siad le chéile i slí níos dlúite.

Ba é téama an CAP ná **"Éist Lenár n-Glórtha"**, leis an gcuspóir chun na "héigeandálaí dearmadta" mar a thugtar orthu a thabhairt chun suntais, atá meáite ó choinsias an phobail nó fiú amháin nár tugadh chun suntais riamh i slí leordhóthanach iad. Thug Agairt an CAP 2004 21 tír atá i ngéarchéim ar fud an domhain chun suntais. Tá 17 díobh seo san Afraic. Dhírigh an seoladh i mBaile Átha Cliath (seoladh an CAP ag an am céanna i 5 chathair) ar Siarra Leon, Angóla agus an Tansáin.

Le linn an tseolta, d'fhógair an tAire Stáit pacáiste speisialta de chúnamh daonchairdiúil arb ionann agus €6.7 milliún é don Agairt, ceann de na pacáistí daonchairdiúla is mo a fógraíodh riamh in Éirinn. Déanfar cuid den chúnamh seo a sheachadadh chuig Siarra Leon agus chuig Angóla, dhá thír atá ag eascair ó bhlianta de choimhlint i láthair na huaire. Faigheann an Tansáin, atá ina Chlár-Thír cheana féin, cúnamh forbartha suntasach fad-théarmach ó Éirinn.

I láthair ag seoladh an CAP bhí Séamus Heaney, file cúirte Nobel agus Ambasadóir Cáilmheasta na N.A. agus Ruud Lubbers, Ard-Choimisinéir na N.A. do Dhídeanaithe. Bhí ionadaithe sinsearacha de chuid na N.A. ó Siarra Leon agus ó Angóla i láthair freisin chun labhairt faoin staid ar an talamh sa dá thír.

"Ní mór dúinn éisteacht leis na glórtha sin, a deirim, le bá speisialta in Éirinn, mar gurb iad na glórtha céanna a chloistear má éistimid lenár sinsir romhainn, a mhair in am an ghorta, in am an dhíshealbhaithe agus in am an anáis. Sinsear ar a raibh go minic an chuma chéanna leis an gcur

síos a dhéanann an file WH Auden ag tús an Chéad Chogadh Domhanda, ina dhán cáiliúil, a deireann "All I have is a voice" - "Níl agam ach mo ghlór". B'é sin an t-aon ní a bhí fágtha i seilbh an chuid ba mhó de mhuintir na hÉireann glúin i ndiaidh glúin tar éis an léirscrios a tharla le linn an ghorta agus na foghla sa seachtú haois déag.

I gceann de na dánta is simplí, is géire agus is muirní sa Ghaeilge deirtear sa véarsa deireanach "Féach anois mé mo chul le falla, ag seinm ceoil do phocaí folmha". D'fhéadfadh sé seo, mar a deirim, ceann de na dánta is simplí, ceann de na dánta is géire, a bheith ina iomann don phróiseas Achomhairc. Bíonn a gcúil le falla acu siúd lenar chóir an próiseas cuidiú, bíonn orthu brath ar acmhainní a meanma féin, ach is fúinne atá sé éisteacht leis na glórtha sin agus freagairt a thabhairt lenár n-acmhainní saolta. Is fúinne atá sé agus faoin domhan forbartha uile aird a thabhairt ar an mbacach ag an ngeata agus níos mó ná an fuílleach atá ar ár dtáblaí saibhre a chaitheamh leis.

Séamus Heaney, Seoladh an CAP, 19ú Samhain 2003

**An Iaráic**

Bhí an choimhlint san Iaráic go mór sna ceannlínte nuachta domhanda le linn na bliana 2003. Cuireadh cúl mhór ar an bpobal daonchairdiúil leis an ionsaí ar Cheanncheathrú na Náisiún Aontaithe i mBaghdad i mí Lúnasa. Maraíodh 22 duine sa bhuamáil, ina measc an tUas. Sergio Vieira de Mello, Ionadaí Speisialta Ard-Rúnaí na N.A. Bhí maoin taithí, tiomantas agus cumas tugtha ag an Uas. De Mello chuig an Iaráic sna próisis dhaonchairdiúla, aisghabhála agus aththógála. D'fhulaing an iarracht aisghabhála mar thoradh ar a bhás agus chaill an pobal daonchairdiúil agus forbartha cúl taca láidir, crann seasta agus cosantóir.

Ionsaíodh oifigí Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (ICRC) freisin. Ba buaireamh mór é an t-ionsaí seo mar gurb é misean an ICRC ná cuidiú le híospairtigh cogaidh ar gach uile thaobh. Bhí an chuma air go raibh na hionsaithe seo ag tabhairt doiléiriú dainséarach le fios sa léargas idir ghníomhairí daonchairdiúla agus polaitiúla, leis an iarmhairt go raibh an dúshraith á bhaint as na heochair-phrionsabail dhaonchairdiúla den chine daonna, neodracht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas. Spreagann an tsaincheist maidir le conas is fearr clár daonchairdiúil a leanúint i dtimpeallacht pholaitiúil agus choimhlinte chasta a lán caibidlíocht fós i measc ghníomhaireachtaí daonchairdiúla agus a macasamhla bronntóra.

Thug Éire breis is €5 milliún i gcúnamh daonchairdiúil don Iaráic sa bhliain 2003. Dhírigh an cúnamh seo ar bhunriachtanais mar chúnamh bia, uisce, sláintíocht agus oideachas. Ba eochair-chomhpháirtithe d'Éirinn iad Unicef agus clann na Croise Deirge mar gur fhan an dá eagraíocht gníomhach ar an talamh le linn na coimhlinte in ainneoin bagairtí dá mbeatha agus dá n-oibríochtaí.

Rinneadh ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag Comhdháil na mBronntóirí ar an Iaráic i Maidrid i mí Dheireadh Fómhair. Ag an gComhdháil gheall Éire suas le €3 milliún do riachtanais dhaonchairdiúla agus aisghabhála thodhchaí na hIaráice. Chuir Éire béim le linn na Comhdhála i Maidrid gur chóir an próiseas aisghabhála agus aththógála a bheith faoi úinéireacht mhuintir na hIaráice agus gur chóir go mbeadh feidhm lárnach ag na N.A. sa phróiseas aisghabhála.

**An Iaráin**

Ar an 26ú Nollaig tharla crith talún i bProibhinse Kerman in oir-dheisceart na hIaráine. Bhí forlár an chreatha talún, a thomhais os cionn 6.3 ar an Scála Richter, suite i gcóngar don chathair Bam. Maraíodh breis is 25,000 duine agus bhí cúnamh de dhíth ar thimpeall 75,000. Bhí an chathair Bam beagnach scriosta go hiomlán agus tógfaidh sé na blianta chun í a aththógáil. Thug Rialtas na hÉireann freagairt ar an tubaiste laistigh de chúpla uair a chloig agus scaoil sé €1 milliún do riachtanais láithreacha daonchairdiúla.
Ba é Corrán Dearg na hIaráine ceann de na chéad gníomhaireachtaí a tháinig ar an láthair agus shábháil siad a lán daoine. Leanadh le hiarrachtaí Cuardaigh agus Tarrthála ar feadh seachtaine de réir mar a shruthaigh an tacaíocht idirnáisiúnta maidir le cabhair theicniúil agus soláthairtí. Bhí freagairt Rialtas na hIaráine ar an tubaiste an-éifeachtach ar fad agus chuir sé béim ar an tábhacht a bhaineann le hullmhacht éigeandála agus le tógáil chumais áitiúil chun freagairt a thabhairt ar éigeandálaí. Tá ceachta anseo do chleachtóirí daonchairdiúla agus do bhronntóirí araon. Baineadh úsáid as rannchur na hÉireann chun fóirithint éigeandála láithreach a sholáthar. Rinneadh na cistí a imdháileadh trí an gCrois Dhearg/an gCorrán Dearg agus trí an gcóras NA.

**Dea-Bhronntóireacht Dhaonchairdiúil**

Trí chúnamh éigeandála agus daonchairdiúil a sheachadadh lorgaíonn Éire féachaint chuige go ndéantar seo de réir na gcleachtas is fearr chun an tionchar optamach a fháil. Tá próiseas leanúnach monatóireachta, measúnachta agus foghlamtha riachtanach do bheartas dá leithéid. Tá an leibhéal dá monatóireacht agus dá measúnacht féin ardaithe ag Éirinn agus tá baint aici i láthair na huaire le measúnacht



Soláthairtí bia á dtabhairt isteach chuig campa dídeanaithe de chuid an UNRWA. Le Caoinchead ó Tom Bellew

ar an idirghabháil sa Mhaláiv agus san Afganastáin. Rannchuidíonn Éire freisin le tionscnaimh idirnáisiúnta taighde a ceapadh chun réitigh phraiticiúla agus inoibrithe a aithint a bheadh dírithe ar fhreagairt a thabhairt ar na srianta atá os comhair na ngníomhiareachtaí agus na n-oibrithe fóirithinte sa réimse. I ndáil leis seo, tá dlúthobair ar siúl idir Éire agus Concern, leis an Institiúid Fhorbartha Thar Lear (ODI) agus leis an Ionad Gorta Feinstein ag Ollscoil Tufts mar aon le comhpháirtithe eile.

Ghlac Éire páirt sa Tionscnamh um Dhea-Bhronntóireacht Dhaonchairdiúil a seoladh i Stócólm i mí an Mheithimh. Le linn an chruinnithe bhuail ionadaithe ó Rialtais bhronntóra, ó ghníomhaireachtaí na NA, clann na Croise Deirge agus ó eagraíochtaí eile a bhfuil baint acu le gníomhú daonchairdiúil le chéile chun plé a dhéanamh ar conas gníomhú daonchairdiúil a fheabhsú agus é a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos cuntasaí. Sholáthar an cruinniú fóram do dhíospóireacht bhríomhar agus do chomhmhalartú dearcaidh. D'aontaigh an cruinniú ar théacs deiridh inar leagtar síos ann sraith prionsabal treorach agus treoirlínte chun an gníomhú daonchairdiúil a stiúradh. Áirítear i measc na ngnéithe a comhaontaíodh:

### Cuspóirí an ghníomhaithe daonchairdiúil

- Daoine a shábháil agus faoiseamh a thabhairt do fhulaingt le linn agus i ndiaidh géarchéimeanna ar de dhéantús an duine iad agus tubaistí nádúrtha
- An gníomhú daonchairdiúil a threorú trí an chine daonna, trí neamhchlaontacht, trí neodracht agus trí neamhspleáchas agus áirítear mar chuid den ghníomhú daonchairdiúil cosaint na saoránach agus iad sin nach bhfuil comhpháirteach sna naimhdis a thuilleadh

### Na Prionsabail-

- Urraim don reacht daonchairdiúil idirnáisiúnta, don reacht dídeanaí agus do chearta an duine
- An cistiú daonchairdiúil a leithdháileadh i gcomhréir leis na riachtanais
- Baint a bheith ag na tairbhithe le ceapadh, feidhmiú, monatóireacht agus measúnacht na freagartha daonchairdiúla

### Maoiniú/Cuntasacht

- Níor chóir go mbeadh éifeacht aimhleasach ag an gcistiú do ghéarchéimeanna nua ar na géarchéimeanna atá ar siúl cheana
- Measúnacht rialta lena n-áirítear measúnaithe ar an bhfeidhmíocht
- Leibhéal ard trédhearcachta a chinntiú i dtuairisciú na mbronntóirí

### An Plean Forfheidhmithe

D'aontaigh an cruinniú freisin ar phlean forfheidhmithe ina leagtar síos 5 ghníomhaíocht thionscnaimh mar seo a leanas: géarchéim phíolótach ar gur féidir na prionsabail threoracha a chur i bhfeidhm; gníomhú daonchairdiúil a chuimsiú i bpróiseas Athbhreithnithe Piaraí an OECD; na riachtanais thuairiscithe agus na héilimh bainistíochta a chuirtear ar na gníomhaireachtaí forfheidhmithe a chomhchuibhiú; sainmhínithe ar chúnamh daonchairdiúil a shoiléiriú do na riachtanais thuairiscithe agus an Dea-Bhronntóireacht Dhaonchairdiúil a chur chun cinn ar bhonn fhairsing.

Bhí tábhacht ag baint le cruinniú Stócólm mar gur bhunaigh sé soiléireacht an chláir dhaonchairdiúil, le comhraon de chuspóirí agus de phrionsabail arna gcomhaontú mar aon le dea-chleachtas. Is dea-theimpléad í seo ar gur féidir tógáil don todhchaí. Leanfaidh Éire ag glacadh páirt sa tionscnamh um Dhea-Bhronntóireacht Dhaonchairdiúil de réir mar a bhogfaidh sé ar aghaidh. Ionchorpróidh sé an toradh laistigh dá chreatlach bheartais fhéin agus lorgóidh sé an próiseas laistigh den phobal bronntóra a chur ar aghaidh mar aon lena chomhpháirtithe.



# Comhpháirtíocht leis an tSochaí Shibhialta

An tUas. Mgweno, iar-fheirmeoir teagmhála agus beachadóir rathúil, anois úinéir ar linn éisc agus táirgeoir torthaí sa Tansáin
© Comhoibriú um Fhorbairt, Éire/Pieternella Pieterse

# COMHPHÁIRTÍOCHT LEIS AN TSOCHAÍ SHIBHIALTA

Chonacthas roinnt forbairtí tábhachtacha in idirphlé Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, leis an tsochaí shibhialta le linn na bliana 2003, lena n-áirítear bunú na Scéime nua um Chlár Ilbhliantúil (MAPS), socruithe nua chun tacú le hobair fhorbartha mhisinéirí na hÉireann agus seoladh tionscnaimh chun bealaí a scrúdú maidir le nuashonrú agus nuachóiriú ról an chláir i ndáil le saorálachas i bhforbairt sa 21ú Aois – an tionscnamh "Saorálaí 21".

**An Scéim um Chlár Ilbhliantúil (MAPS) – Saghas comhpháirtíochta nua**

Chinn seoladh an Aire Stáit Tom Kitt don Scéim um Chlár Ilbhliantúil (MAPS) i mí Aibreán 2003 céim stairiúil sa chaidreamh idir an Rialtas agus gníomhaireachtaí forbartha na hÉireann.

Dé réir na gcomhaontaithe comhpháirtíochta a tugadh chun críche leis an 5 chomheagraíocht neamh-rialtasach ( Christian Aid Ireland, Concern, GOAL, Self Help Development International [SHDI] agus Trócaire), cuirfidh Rialtas na hÉireann cistiú de thuairim is €117 milliún ar fáil thar thréimhse trí bliana chun tacaíocht a thabhairt do na cláir um fhorbairt fhad-théarmach atá ag na gníomhaireachtaí sin i gcuid de na tíortha is boichte ar domhan. Ciallóidh an Scéim go dtabharfar instealladh suntasach cistiúcháin do chláir atá dírithe ar an mbochtaineacht a laghdú, ar infhaighteacht agus rochtain ar oideachas, sláinte, uisce, sláintíocht, bia agus dídean a fheabhsú, agus, go tábhachtach, acmhainn na ndaoine sa domhan ata i mbéal forbartha a neartú ionas gur féidir leo dul sa tóir ar a gcearta daonna, eacnamaíocha, agus sóisialta agus maireachtáil go síochánta le ceartas agus le dínit.

Léiríonn an Scéim MAPS saghas comhpháirtíochta nua idir an Rialtas agus an tsochaí shibhialta. Tá an scéim á cur i bhfeidhm mar chlár comhpháirtíochta ilbhliantúil (trí-bliana i dtosach) idir Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, agus gach ceann de na heagraíochtaí neamh-rialtasacha atá comhpháirteach ann. Tá sochair fhollasacha ann do na comheagraíochtaí neamh-rialtasacha. Ciallaíonn creatlacha buiséadacha sothuartha gur féidir cláir fhorbartha níos fad-théarmaí a phleanáil agus a chur i bhfeidhm le níos mó cinnteachta, gur féidir leo feidhmiú le níos mó solúbthachta agus gur féidir leo díriú ar fhéachaint chuige go mbeidh níos mó inbhuaineachta ann. Le barrthábhacht, beidh siad i riocht na sochair chéanna a sheachaid do chomheagraíochtaí áitiúla. Neartóidh sé seo cumas na sochaí sibhialta áitiúla agus na ngníomhairí pobail ar fud an domhain atá i mbéal forbartha chun ról méadaithe a ghlacadh i bhforbairt a gcuid pobail féin.

Cuireann teacht an MAPS, lena bhéim ar chur chuige cláir a dhíríonn ar thionchar a thomhas, na gníomhaireachtaí rannpháirteacha ar a gcumas fíor-dhifríocht inbhuanaithe a dhéanamh do shaoil na ndaoine bochta sna tíortha ina n-oibrímid. Laistigh den chreatlach a sholáthraíonn an comhaontú MAPS, tá súil againn dlúthobair a dhéanamh le Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, ar na saincheisteanna seo thar na blianta atá romhainn' – Justin Kilcullen, Stiúrthóir, Trócaire, Aibreán 2003.

**Misinéirí i gComhpháirtíocht le Comhoibriú um Fhorbairt, Éire**

Cuimsíonn obair mhisinéirí na hÉireann sa domhan atá i mbéal forbartha speictream leathan réimse, lena n-áirítear:

- Cúram Sláinte – Príomhúil agus Íocshláinteach
- Cosc agus cóireáil VEID/SEIF
- Oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil
- Acmhainn na bpobal áitiúil a fhorbairt
- Cúram an Domhain agus a acmhainní
- Talmhaíocht agus Slándáil Bhia
- Obair Fhóirithinte Dhaonchairdiúil
- Cláir um Chearta an Duine, um Chirt agus um Shíocháin
- Réiteach Coimhlinte

Tá ar mhisinéirí na hÉireann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua agus práinneacha an lae inniu. Is síor-dhúshlán é freagairt a thabhairt ar ghlaoch na mbocht. Tá líon na misinéirí íslithe trí bhreis is 50% ón mbliain 1990, rud a léiríonn an riachtanas forbartha atá ann do ghluaiseacht na misinéirí agus gur gá na straitéisí trasdula cuí a chur i bhfeidhm le comhpháirtithe áitiúla. Tá cuid den obair a chuir na misinéirí tús leis tugtha uathu acu cheana féin agus atá anois á stiúradh ag eagraíochtaí áitiúla, in a lán cásanna ag pobail áitiúla agus ag an Eaglais áitiúil. I gcásanna eile áfach níl ach tús á chur leis an bpróiseas trasdula.

Sa bhliain 2002 d'admhaigh an Coiste Athbhreithnithe um Chúnamh Éireann go bhfuil "fréamhacha stairiúla chlár Chúnaimh Éireann suite san obair shonraíoch a rinneadh thar na blianta fada ag misinéirí na hÉireann" agus mhol sé gur chóir "iarracht speisialta a dhéanamh chun tacú le hobair fhorbartha na misinéirí Éireannacha atá gníomhach sna tíortha is boichte ar domhan don chuid is mó de chéad

bliain agus atá ag déanamh rannchur fíorluachmhar chun faoiseamh a thabhairt don bhochtaineacht agus don fhulaingt".

Chun an tacaíocht seo a éascú do obair fhorbartha mhisinéirí na hÉireann, chuaigh Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, agus an Ghníomhaireacht um Sheirbhís Phearsanta Thar Lear (APSO), i gcomhchomhairle le hAontas Mhisinéirí na hÉireann (IMU), sa tóir ar phróiseas atá dírithe ar bhogadh i dtreo mheicníocht um bhloc-chistiú do mhisinéirí.

Ag leanacht ar aghaidh ó mhór-chomhairliú bunaíodh an tSeirbhís Acmhainne do Mhisinéirí na hÉireann (IMRS) chun tacaíocht chistiúcháin an Rialtais do mhisinéirí dá n-obair maidir le laghdú na bochtaineachta agus le forbairt a chomhordú.

Le linn na bliana 2003, leanadh leis an dul chun cinn i dtreo shocruithe a chur i gcrích um bhloc-chistiú do obair na misinéirí trí an IMRS i slí a ligfidh don chomhlacht nua seo ról lárnach a ghlacadh chun dea-bheartas agus dea-chleachtas forbartha do mhisinéirí a chur i gcrích.

Tá tiomantas speisialta ag Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, cabhrú le misinéirí Éireannacha in éascú rathúil na bpróiseas trasdula. Beidh comhoibriú ar siúl idir Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, agus an IMRS chun féachaint chuige go gcuirfidh na heagraíochtaí misinéara an t-aistriú seo do thionscadail go húinéireacht áitiúil i gcrích go rathúil thar na blianta beaga atá romhainn, ag cinntiú amhlaidh inbhuaineacht na hoibre a thosaigh na misinéirí go fada sa todhchaí.

> 'Thar ceann na misinéirí thar lear, fáiltíonn an IMRS roimh thacaíocht agus éascaíocht Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, agus táimid ag tnúth le caidreamh saibhir, sásúil agus comhoibritheach' – An tSiúir Noelle Corscadden, Cathaoirleach , Seirbhís Acmhainne do Mhisinéirí na hÉireann, Bealtaine 2004.

**Ag neartú na gcomhpháirtíochtaí**

Ghlac Rannóg na Sochaí Sibhialta feidhm cheannródaí uirthi féin freisin maidir le caibidlíocht straitéiseach an chláir le comhpháirtithe na sochaí sibhialta, lena gcuimsítear caidreamh le heochair-chomheagraíochtaí neamh-rialtasacha, an t-idirphlé le gluaiseacht mhisinéirí na hÉireann agus an chomhpháirtíocht ríthábhachtach leis an scáth-chomhlacht Éireannach do ghníomhaireachtaí forbartha, Dóchas.

**Tacaíocht airgeadais don tsochaí shibhialta**

Cuireann Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, réimse scéim agus líne cistiúcháin i bhfeidhm a chuireann tacaíocht shuntasach agus inathraithe ar fáil do eagraíochtaí neamh-rialtasacha agus do chomhpháirtithe eile den tsochaí shibhialta do obair sa domhan atá i mbéal forbartha.

Bhain eagraíochtaí den tSochaí Shibhialta sochar freisin sa bhliain 2003 as tacaíocht arna imdháileadh trí an Ghníomhaireacht um Sheirbhís Phearsanta Thar Lear (APSO) do chostais a bhaineann le taisc dheonacha (breis eolais le fáil i dtuarascáil bhliantúil APSO) agus as cistí tionscadail do oideachas forbartha arna imdháileadh trí an Aonad um Oideachas Forbartha de chuid Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire.

Tá mionsonraí ar an gcistiú a cuireadh ar fáil thar na gcláir agus na scéimeanna éagsúla arna riaradh chun tacú leis an tsochaí shibhialta sonraithe in aguisíní na tuarascála seo.

I dteannta seo, féadfaidh eagraíochtaí na sochaí sibhialta tairbhe a bhaint as scéim asbhainte chánach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá cistiú breise arna imdháileadh go hindíreach ar eagraíochtaí trí chláir um chaiteachas na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta cabhrach dá dtugann Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, ranníocaíocht mar ghníomhaireachtaí de chuid an AE agus na N.A.

**Scéim Chomh-Mhaoinithe na n-Eagraíochtaí Neamh-Rialtasacha**

Soláthraíonn Scéim Chomh-Mhaoinithe na n-Eagraíochtaí Neamh-Rialtasacha deontais do eagraíochtaí neamh-rialtasacha na hÉireann nó atá ceangailte le hÉirinn chun cuidiú leo lena ngníomhaíochtaí forbartha sna réigiúin is boichte den domhan. Le linn na bliana 2003 thacaigh an Scéim le líon mór idirghabháil a dhírigh ar thionscadail a ceapadh chun na bunriachtanais in earnálacha tosaíochta Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, a chomhlíonadh.

Tá na torthaí seo a leanas ar thionscadail a fuair tacaíocht faoin scéim seo:

- méadú rochtana do na mílte duine san Afraic fho-Shahára ar bhunchúram sláinte,
- rochtain ar uisce óil ghlan agus ar sheirbhísí sláintíochta sláintiúla do phobail agus do bhailte beaga
- an seans a bheith ag na céadta cailín óg freastal ar an mbunscoil don chéad uair riamh, agus,
- sochair don a lán clanna eile trí oiliúint, scéimeanna um mhéadú ioncaim agus cláir fhorbartha do phobail uirbigh agus tuaithe.

Tá ceithre ionstraim do chistiú cuimsithe i Scéim Chomh-Mhaoinithe na n-Eagraíochtaí Neamh-Rialtasacha:-



Leanbh óg sa Tíomór Thoir.
Le caoinchead ó Seán Hoy

- an Scéim um Chlár Ilbhliantúil (MAPS) – féach an ghné-alt ar leith
- an Scéim um Bhloc-Dheontais le líon eagraíocht neamh-rialtasach mór mar Oxfam, Action Aid agus World Vision.
- An Phríomh-Scéim Chomh-Mhaoinithe a thugann tacaíocht do réimse eagraíocht neamh-rialtasach eile atá suite in Éirinn amhlaidh Gorta, Aidlink, Concern Universal/Children in Crossfire, Bóthar agus eile; agus
- an Scéim um Mhicrithionscadail In-Tíre a thugann tacaíocht, mar a thugann an t-ainm le fios, do thionscnaimh phobalbunaithe áitiúla agus tá an Scéim á cur i bhfeidhm ag Ambasáidí na hÉireann thar lear.

Bhí na tionscadail a fuair cistiú faoi na Scéimeanna seo sa bhliain 2002 dírithe ar fhaoiseamh a thabhairt do bhochtaineacht, ar inscne, ar mhéadú ioncaim agus ar chruthú fostaíochta, mar aon leis na bunriachtanais a chomhlíonadh agus oiliúint chinnireachta a sholáthar ag leibhéal an phobail. Cuirtear béim ar phrionsabal na comhpháirtíochta pobail ag gach céim de cheapadh agus de fheidhmiú an tionscadail.

San iomlán, rinneadh breis is coibhéis €35m a imdháileadh trí na scéimeanna seo sa bhliain 2003, sin méadú de bhreis is €10 milliún ar an mbliain 2002, rud a léiríonn tiomantas an chláir dá thacaíocht a mhéadú do obair ar ard-chaighdeán ag na heagraíochtaí neamh-rialtasacha agus ag misinéirí.

### Socruithe do Bhloc-Dheontais

Ba iad Oxfam Ireland, World Vision Ireland agus Action Aid Ireland na trí ghníomhaireacht a fuair tacaíocht trí na socruithe do Bhloc-Dheontais le linn na bliana 2003, ag fáil iomlán €2 m dá gcláir oibre forbartha – méadú tacaíochta de 33% i ngach cás ar an tacaíocht a soláthraíodh sa bhliain 2002. Cumasaíonn na socruithe do Bhloc-Dheontais seo na heagraíochtaí neamh-rialtasacha chun tionscadail fhorbartha níos fad-théarmaí a chur ar siúl, lena gcuimsítear acmhainn na gcomhpháirtithe áitiúla a fhorbairt. Baineadh úsáid as na deontais a sholáthair Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, i líon earnáil éagsúil ó bhunchúram sláinte, forbairt thuaithe, oideachas, forbairt phobail, leanaí sráide agus leochaileacha, uisce agus sláintíocht agus VEID/SEIF. Bhain breis is milliún duine sochar díreach as an tacaíocht arna sholáthar ag Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, trí na gníomhaíochtaí arna maoiniú le Bloc-Dheontais a chuir na heagraíochtaí seo i gcrích.Bhain na mílte duine eile sochar indíreach as trí rochtain níos fearr ar earraí agus ar sheirbhísí arna sholáthar ag comhpháirtithe an tionscadail agus ar oiliúint bhreise a cuireadh ar fáil ag cinnirí oilte na dtionscadal agus na bpobal.

### An Phríomh-Scéim

Bhain an tacaíocht a cuireadh ar fáil faoin bpáirt seo den scéim trí eagraíochtaí neamh-rialtasacha na hÉireann agus iad siúd atá ceangailte le hÉirinn le tionscadail i gcuid de na ceantair is iargúlta ar domhan inar bhfuil na bunáiseanna mar uisce/sláintíocht, cúram sláinte agus oideachas in easnamh nó deacair rochtain a fháil orthu.

Tá sonraí iomlána ar na tionscadail a fuair tacaíocht cuimsithe in aguisín den tuarascáil seo.

### Micrithionscadail In-Tíre

Tá an cistiú do na Micrithionscadail In-Tíre dírithe ar thacaíocht a sholáthar do obair fhorbartha ar mhionscála ag eagraíochtaí neamh-rialtasacha dúchasacha i dtíortha atá i mbéal forbartha sa chás go bhfuil ionadaíocht nó creidiúnú taidhleoireachta ag Éirinn sa tír. Áirítear ina measc: An Bhanglaidéis, An Aetóip, An Éigipt, Gána, An India, Leosóta, An Mhósaimbíc, An Nigéir, An Afraic Theas, An Tansáin, Uganda, An tSaimbia, An tSín, Na Filipíní agus an Phalaistín.

I gComhoibriú um Fhorbairt, Éire, tá tacaíocht na gclár-thíortha don tsochaí shibhialta áitiúil á cuimsiú sna Páipéir Straitéise Tíre (CSP) chun leanúnachas a chinntiú idir tacaíocht dá leithéid agus na cuspóirí forbartha náisiúnta foriomlána.

### An Scéim Chomhpháirtíochta VEID/SEIF (HAPS)

Aithníonn Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, go huile agus go hiomlán, an tionchar domhanda atá ag VEID/SEIF (HIV/AIDS), méid na géarchéime agus an bhagairt a chuireann an eipidéim ar na gnóthachain fhorbartha a saothraíodh go maith sna tíortha is boichte ar domhan. Tá sé tiomanta go láidir cúnamh airgeadais leordhóthanach a sholáthar níos minice do chosc, do chúram agus do thacaíocht an VEID/SEIF, agus do mhaolú an thionchair trí réimse leathan de mheicníochtaí agus de fhreagairtí. Tá Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, tiomanta níos faide fós do chur chuige comhpháirtíochta a fhorbairt le heagraíochtaí neamh-rialtasacha chun an fhreagairt institiúideach, an fhorbairt straitéise agus an cumas gnímh do VEID/SEIF a fheabhsú.

Forbraíodh an Chomhpháirtíocht VEID/SEIF mar mheicníocht eatramhach chun eagraíochtaí neamh-rialtasacha a chumasú le rochtain a fháil ar chistí Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, mar fhreagairt ar an bpaindéim VEID/SEIF. Ceapadh an scéim chun cur chuige comhpháirtíochta Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, maidir le hoibriú le heagraíochtaí neamh-rialtasacha atá suite in Éirinn a neartú agus tacú lena bhfreagairt straitéiseach ar an ngéarchéim VEID/SEIF agus í a fhorbairt.

Tá mionsonraí ar an gcistiú a cuireadh ar fáil do eagraíochtaí neamh-rialtasacha a bhí comhpháirteach sa HAPS tugtha in aguisín den tuarascáil seo.

# AN GHNÍOMHAIREACHT UM SHEIRBHÍS PHEARSANTA THAR LEAR (APSO)

Bunaíodh APSO, comhlacht státurraithe, sa bhliain 1973 le ról ilfheidhmiúil a chuimsíonn lonnú saorálaí, oiliúint do fhorbairt agus comh-mhaoiniú na tacaíochta pearsanra i dtíortha atá i mbéal forbartha. Rinne an Coiste Athbhreithnithe um Chúnamh Éireann mandáid agus todhchaí APSO a mheas. Mhol an Coiste Athbhreithnithe gur chóir APSO a chomhtháthú ar bhonn fhaichilligh phleanála agus chéimithe le Comhoibriú um Fhorbairt, Éire. Cuireadh tús leis an bpróiseas comhtháthaithe sa bhliain 2002 agus tugadh chun críche é i mí Eanáir 2004.



An tAire Stáit Tom Kitt TD, ag labhairt dó le linn an tseolta do shuíomh gréasáin Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire. (grianghraf: Maxwells)

# FÓCAS NUA AR CHEARTA AN DUINE AGUS AR FHORBAIRT

Neartaigh Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, a chur chuige sa bhliain 2003 i leith an chaidrimh idir chearta an duine, daonlathú agus rialachas níos fearr, agus laghdú na bochtaineachta agus forbairt eacnamaíoch agus shóisialta.

Mhol Tuarascáil 2002 den Choiste Athbhreithnithe um Chúnamh Éireann fócas nua beartais ar rialachas, ar dhaonlathú agus ar chearta an duine sa domhan atá i mbéal forbartha, go háirithe:

*Níos mó aird, fréamhaithe ag acmhainní breise, i bpleanáil na straitéisí tíre sa todhchaí. Ba chóir go leanfadh gach gné den rialachas, den dhaonlathas agus de chearta an duine a bheith ina gcodanna tábhachtacha den chaibidlíocht idir Cúnamh Éireann agus a chomhpháirtithe rialtais. Ba chóir méadú acmhainní a chur ar fáil, ach go háirithe, chun tacú le hathchóiriú na hearnála poiblí agus le bearta frith-bhreabaireachta, chun córais bhainistíochta airgeadais a neartú agus chun rialachas níos fearr a chur chun cinn i gcoitinne sna comhthíortha.*

Ar an dara dul síos, ba chóir go mbeadh comhairliú leanúnach le heagraíochtaí neamh-rialtasacha ar na saincheisteanna seo, i gcomhthéacs an Fhóraim Fhorbartha agus ar dhóigheanna eile araon.

Is í an staid i láthair na huaire ná, go n-aithnítear an rialachas, sna clár-thíortha, i ngach clár agus straitéis mar réimse thosaíochta don idirphlé. Tá idirghabhálacha éagsúla ar siúl go leanúnach atá dírithe ar an rialachas agus ar an gcuntasacht a fheabhsú i gcomhthíortha agus an bhreabaireacht a throid. Meastar go bhfuil na prionsabail um urraim do chearta an duine agus do dhaonlathú ina saincheisteanna trasghearrtha i ngach clár-réimse dhéthaobhach.

Ó glacadh le moltaí an Athbhreithnithe, tá comhairliú agus comhpháirtíocht neartaithe le heagraíochtaí neamh-rialtasacha ar na saincheisteanna seo.Trí an Scéim um Chlár Ilbhliantúil (MAPS), tá méadú mór tagtha ar líon na n-acmhainní atá á n-imdháileadh ar obair na gcomhpháirtithe mar Trócaire agus Christian Aid Ireland mar thaca lena n-obair agus le hobair a gcomhpháirtithe ar fud an domhain. Áirítear mar idirghabhálacha atá ag fáil tacaíocht: iarrachtaí ag pobail dhúchasacha cearta cothroma a bhaint amach sa Mheiriceá Láir; feachtas do chóras breithiúnais trédhearcach agus inrochtana sa Cholóim; ag lorg ceartas do híospairtigh agus do mharthanóirí ón gcinedhíothú i Ruanda agus Rialtas níos oscailte agus níos cuntasaí a chur chun cinn ar fud na hAfraice fo-Shahára.

Cinntíonn próiseas an Choiste Monatóireachta Comhpháirtíochta, a bunaíodh faoin MAPS chun caibidlíocht a mhéadú le comheagraíochtaí neamh-rialtasacha, malartú dearcaidh rialta agus cuimsitheach ar shaincheisteanna beartais i gcoitinne agus ar thíortha agus ar chúiseanna imní faoi leith. Ar an gcaoi chéanna, tá béim curtha ag Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, do chomheagraíochtaí neamh-rialtasacha, ar an tábhacht a chuireann sé ar phríomhshruthú na gcúraimí um chearta an duine ag a chomheagraíochtaí neamh-rialtasacha, agus tá páirt ghníomhach glactha aige in, agus tacaíocht tugtha aige do, obair Mheithle Oibre Dóchas atá ag scrúdú na saincheisteanna thart ar Chur Chuige Cearta-Bhunaithe san Fhorbairt.

Glacann Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, páirt ghníomhach freisin i mBuanchoiste na Roinne Gnóthaí Eachtracha-Eagraíochtaí Neamh-Rialtasacha um Chearta an Duine atá ina fhóram an éifeachtach do idirphlé a dhéanamh le heagraíochtaí neamh-rialtasacha ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus le tíortha atá i mbéal forbartha.

Trí chreatlach na Scéime um Chearta an Duine agus um Dhaonlathú, leanann Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, ag soláthar breis acmhainní tábhachtacha do thionscadail atá dírithe ar thuiscint an phobail i gcoitinne ar na saincheisteanna tábhachtacha seo a fheabhsú agus dul chun cinn a chur ar aghaidh ag na leibhéil náisiúnta. Tá na deiseanna a sholáthraíonn an scéim seo tógtha aige chun dul i gcomhairle go rialta le comheagraíochtaí neamh-rialtasacha. Áirítear i measc na n-eagraíochtaí neamh-rialtasacha seo, eagraíochtaí atá bunaithe in Éirinn, eagraíochtaí Idirnáisiúnta agus ón Deisceart. Eagraíodh cruinnithe go minic, le linn na bliana 2003, ag ceanncheathrú Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, agus d'fhreastal a fheidhmeannaigh ar imeachtaí arna n-eagrú ag comheagraíochtaí neamh-rialtasacha a bhí dírithe ar




Thóg Self Help Development International Bunscoil Adele Gose Salen le tacaíocht ó Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, san Aetóip trí bliana ó shin agus an leabharlann nua seo i 2003. Le caoinchead ó H. McDonagh, SHDI

roinnt na faisnéise ar chur chuige a neartú idir Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, agus eagraíochtaí neamh-rialtasacha ar shaincheisteanna chearta an duine gur tábhacht agus gur imní iad.

Thug soláthar na tacaíochta airgeadais trí an bhuiséid um Chearta an Duine agus um Dhaonlathú do líon eochair-eagraíocht neamh-rialtasach atá ag obair i réimse chearta an duine an deis chun idirphlé a dhéanamh leis na comhpháirtithe seo ar réimse leathan ábhar. Mar shampla, chuir Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, comhaontú trí bliana i gcrích le déanaí leis an eagraíocht neamh-rialtasach Éireannach, FrontLine, chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí i réimse leathan tír chun cuidiú le cosantóirí chearta an duine. Tá an tábhacht a chuireann sé ar a chaidreamh le FrontLine tugtha chun suntais aige agus mhol sé go n-eagrófaí cruinnithe rialta leis an eagraíocht neamh-rialtasach chun tuairisc chun dáta a fháil ar fhorbairtí le comhpháirtithe FrontLine agus ar an timpeallacht i gcoitinne a bhaineann le hobair na gCosantóirí um Chearta an Duine. Ar an gcuma chéanna, déantar plé ar staideanna chearta an duine i dtíortha aonaracha trí chaidrimh um thacaíocht thionscadail a eagraíonn Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, i dtíortha chomh éagsúil le Peiriú, an Bhurúin agus Burma.

Rinneadh plé ag an dá chruinniú de chuid an Fhóraim um Fhorbairt a tionóladh sa bhliain 2003 ar shaincheisteanna an rialachais, an daonlathais agus chearta an duine. Ceapadh an Fóram chun caibidlíocht ar bheartas a mhéadú idir lucht cheaptha beartais na n-eagraíochtaí neamh-rialtasacha agus Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, ag na leibhéil pholaitiúla agus oifigiúla araon. Tá an fhreagracht as leagan síos an chláir don Fhóram roinnte idir Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, agus ionadaithe na n-eagraíochtaí neamh-rialtasacha faoi choimirce an Bhoird Chomhairligh.

Tugann Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, tús áite freisin do shaincheisteanna an rialachais, chearta an duine agus an dhaonlathais ina chaidrimh iltaobhacha, ag soláthar tacaíocht leanúnach do thionscnaimh an NA agus an AE i leith seo. Tá Oifig Ard-Choimisinéir na NA um Chearta an Duine ar cheann dár bpríomh-chomhpháirtithe NA agus léiríonn cistiúchán na hÉireann dá chlár domhanda ceann dár ranníocaíochtaí deonacha is suntasaí. Glacann Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, páirt ghníomhach freisin i gcainteanna laistigh de fhóraim um ábhair bheartais sna réimsí seo lena n-áirítear, mar shampla, trí líonra an OECD um Rialachas agus trí mheithleacha oibre an AE um Chearta an Duine agus cistiúchán chun tacú le hidirghabhálacha um chearta an duine.

# DÚSHLÁIN NUA 4

## FORBAIRT AGUS MÍCHUMAS

**C. O'Brien, D. Hayes, J. Kelliher**
**Comhoibriú um Fhorbairt, Éire**

Tá saincheisteanna a bhaineann le míchumas le tabhairt faoi deara níos minice le blianta beaga anuas, mar thoradh den chuid is mó ar iarrachtaí atá déanta ag daoine le míchumas a d'éiligh an ceart a bheith rannpháirteach go hiomlán ina gcuid sochaithe. Mar shampla, aithníodh 2003 mar Bhliain Eorpach na nDaoine le Mhíchumas. Bíonn an dúshlán an-ghéar ach go háirithe i dtíortha atá i mbéal forbartha, áit a bhíonn a lán daoine ó phobail imeallacha nó leochaileacha in iomaíocht do acmhainní atá an-theoranta. Tá cumasú gach uile dhuine chun a gceart um lánpháirtiú iomlán sa tsochaí a bhaint amach ina shaincheist lena leanfaidh Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, ag tabhairt tús áite.

*'Le linn an dá bhliain a chuaigh thart ní raibh i mo shaol ach ag eirí ar maidin agus ansin ag fanacht chun go dtitfeadh an oíche arís ionas go mbeinn in ann dul ar ais sa leaba. Anois, ó tá cúramóir agam, tá brí á chur le mo shaol arís'*

**- Duine a bhaineann úsáid as an tSeirbhís Chúnaimh Phearsanta sa tSeirbia, arna mhaoiniú ag Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, agus arna fheidhmiú ag an Ionad um Mhaireachtáil Neamhspleách agus an Ionad Caitliceach um Sheirbhísí Fóirithinte.**

Sa bhliain 2003, sholáthar Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, breis is €1,900,000 i gcistiúchán do eagraíochtaí neamh-rialtasacha, eagraíochtaí misinéirí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta i gcóir tionscadail agus cláir a théann i ngleic go díreach le riachtanais na ndaoine le míchumas i dtíortha atá i mbéal forbartha.

Sa bhliain 2003, sholáthar Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, €1 milliún i mbunchistiú don eagraíocht neamh-rialtasach Halo Trust do ghníomhaíochtaí um bhánú na mianach talún. Tugadh cistiú freisin de luach €390,000 do Handicap International do thionscadail mhianaigh talún.

Áirítear mar shamplaí sonracha den chistiúchán a tugadh faoin scéim chomh-mhaoinithe do eagraíochtaí neamh-rialtasacha forbairt scoile do dhaoine bodhra sa Nigéir. Tugadh €65,000 do World Vision i leith thionscadail oideachais chomhtháite um leanaí le riachtanais speisialta san Airméin. Fuair Action Aid Ireland €25,000 i gcóir ceardlann ortaipéideach a thógáil sa Neipeal.

Sholáthar an scéim um mhicrithionscadail in-tíre €80,000 do thrí thionscadal san India a thacaíonn le tionscadail um uathachas, corpéislinní agus lobhra. Tugadh tacaíocht freisin do chlár um rialú an ghalair daille abhann sa Nigéir, do chumann um dhaoine le míchumais intleachtúla i Leosóta agus seirbhísí teiripe shaothair sa Tansáin do leanaí le míchumais.


Sa bhliain 2003, sholáthar Ciste Forbartha na Misinéirí maoiniú inar cuimsíodh €50,000 do Nkokonjeru Providence Cheshire Home i Uganda trí na Siúracha Misinéirí Proinsiasaigh don Afraic. Cuireadh €58,769 ar fáil trí an Ord Uinseannaigh i gcóir bhunscoil do dhaltaí bodhra sa Nigéir. Soláthraíodh cistiúchán de thuairim is €220,000 do phearsanra atá ag obair sa réimse mhíchumais i dtíortha atá i mbéal forbartha sa bhliain 2003.

Tá Deasc na mBalcán agus Chomhlathas na Stát Neamhspleách ag tacú le Comhionad Caitliceach um Sheirbhísí Fóirithinte don Chlár um Mhaireachtáil Neamhspleách sa tSeirbia do na bliana 2003-2004. Tá Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, ag soláthar €457,000 freisin thar na tréimhse sin do thionscnaimh a thacaíonn le maireachtáil neamhspleách agus le lánpháirtiú sibhialta iomlán na ndaoine le míchumas agus a gcumainn sa tSeirbia.

Ag leibhéal Iltaobhach, rannchuidíonn an Rialtas le líon comhlacht den NA a bhfuil bainteach le cosaint chearta an duine agus le forbairt. Is bronntóir tábhachtach í Éire, mar shampla, do Oifig an Ard-Choimisinéir um Chearta an Duine. Sa bhliain 2003 thugamar ranníocaíocht de €2.539 milliún don oifig seo, as a raibh €250,000 comharthaithe do obair sna réimsí VEID/SEIF, inscne agus míchumas.

I gcomhar leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (ILO), tá cistiúchán curtha ar fáil ag CFÉ de €1.4 milliún ón mbliain 2001 i leith chláir an ILO – ag forbairt an fhiontraíocht i measc mhná le míchumais, fostú daoine le míchumais, tionchar na reachtaíochta. Sa bhliain 2003, ba ionann iomlán an chistiúcháin agus €483,000.

Faon Scéim um Chearta an Duine agus um Dhaonlathú (HRD), ba ionann iomlán an chistiúcháin a ceadaíodh don UNDP ó mhí na Bealtaine 2002 agus €172,020, do thionscadal trí bliana atá dírithe ar fheasacht an phobail a ardú agus cosaint chearta na ndaoine le míchumas a mhéadú sa tSín.



Beirt dheirfiúr bheag atá an-shásta lena gculaithe nua scoile.

# Cúnamh Forbartha Iltaobhach

# NA NÁISIÚIN AONTAITHE AGUS EAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA EILE

Sa bhliain 2003, thug Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, breis is €40 milliún i ranníocaíochtaí deonacha dá eochair-chomhpháirtithe sna Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear Clár Forbartha na N.A. (UNDP), UNICEF, Ard-Choimisiún na N.A. do Dhídeanaithe, UNAIDS, Oifig Ard-Choimisinéir na N.A. um Chearta an Duine, Ciste Daonra na N.A. (UNFPA) agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO).

De réir mar atá méid tagtha ar a chistiú do Chistí, do Chláir agus do ghníomhaireachtaí speisialtóra de chuid na N.A., tá monatóireacht Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, ar a bhfeidhmíocht imithe i ndéine agus tá critéir níos sofaisticiúla forbartha aige chun tacú le cinntí faoi leithdháileadh. Cuimsítear sna critéir a úsáidtear - fócas ar an mbochtaineacht, neart na bainistíochta, an tiomantas do athchóiriú na N.A., comhordú le heagraíochtaí eile, fianaise ó chórais bhainistíochta torthaí-bhunaithe agus measúnachtaí inmheánacha agus seachtracha.

Tugadh aird faoi leith ar chistiúchán Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, do Chlár Forbartha na N.A. (€12m i 2003). I mí Iúil 2003, thug toscaireacht ard-leibhéil ón UNDP cuairt ar Bhaile Átha Cliath do chomhairliú ar fheidhmeanna an UNDP ag an leibhéal tíre inar áiríodh saincheisteanna mar athchóiriú na N.A., ról an UNDP sa troid i gcoinne VEID/SEIF agus chun cearta an duine a chur chun cinn.

Mar aitheantas ar mhéadú tábhachta na hÉireann mar bhronntóir do chláir fhorbartha na Náisiún Aontaithe, chinn na N.A. an seoladh domhanda de Thuarascáil na N.A. um Fhorbairt an Duine 2003 a eagrú i mBaile Átha Cliath. Sheol an Taoiseach Tuarascáil na bliana 2003 dar teideal "Comhaontú idir náisiúin chun deireadh a chur le bochtaineacht an duine" i mBaile Átha Cliath ar an 8 Iúil 2003. I measc na gcomhpháirtithe eile i láthair ag an seoladh bhí an tUas. Tom Kitt, T.D., an tAire Stáit do Chomhoibriú Forbartha agus do Chearta an Duine, an tUas. Mark Malloch Brown, Riarthóir Chlár Forbartha na N.A. agus Bono. Léirigh an Tuarascáil um Fhorbairt an Duine 2003 imní faoin easpa dul chun cinn, go háirithe san Afraic fho-Shahára, i dtreo Spriocanna Forbartha na Mílaoise agus ghlaoigh sí ar chomhpháirtíocht nua a bhunú idir na náisiúin saibhre agus bochta chun an dul chun cinn a luasghéarú.

I mí na Nollag 2003, ar iarraidh ón Aire Stáit Kitt, thug na tUas. Ruud Lubbers, Ard-Choimisinéir na N.A. do Dhídeanaithe, an chéad chuairt oifigiúil riamh ag Ard-Choimisinéir ar Éirinn. Arís ba in aitheantas ar mhéadú tábhachta na hÉireann mar bhronntóir don UNHCR a tugadh an cuairt seo. Bhí cruinnithe ag an Uas. Lubbers leis an Taoiseach, leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí agus leis an Aire Stáit Kitt.

I mí na Nollag 2003, tháinig téarma oifige dhá bhliain na hÉireann ar Bhord Feidhmeannach UNICEF chun críche. Le linn a téarma in oifig, dhírigh Éire ar shaincheisteanna mar chaighdeán thuarascálacha bliantúla UNICEF agus an ghluaiseacht chuig buiséadú torthaí-bhunaithe, ról UNICEF sa troid i gcoinne VEID/SEIF, go háirithe maidir le tacaíocht do dhílleachtaí agus do leanaí leochaileacha agus an riachtanas do chomhoibriú UNICEF le Cistí, Cláir agus gníomhaireachtaí speisialtóra eile de chuid na N.A. a neartú.

Mar aon le cistiúchán do eagraíochtaí na N.A. a leithdháileadh agus monatóireacht a dhéanamh air, chuir Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, beartais fhorbartha na hÉireann chun cinn ag cruinnithe de chuid Chomhairle Eacnamaíoch agus Sóisialta na N.A. agus le linn Comhdhálacha N.A. I mí Iúil 2003, labhair an tAire Stáit Kitt le Comhairle Eacnamaíoch agus Sóisialta na N.A. ag a chruinniú Aireachta Ard-Leibhéil sa Ghinéiv ar an dtéama: "Cur chuige comhtháite a chur chun cinn i leith fhorbairt na tuaithe i dtíortha atá i mbéal forbartha do dhíothú na bochtaineachta agus do fhorbairt inbhuanaithe."

I mí Dheireadh Fómhair 2003, d'fhreastal an tAire Stáit Kitt ar Chruinniú Aireachta Ard-Leibhéil de chuid Ard-Thionól na N.A. chun leanacht suas ar fhorfheidhmiú an Chomhaontaithe Monterrey a glacadh le linn na Comhdhála Idirnáisiúnta um Airgeadas agus Fhorbairt i mí an Mhárta 2002.

I mí na Nollag 2002, bhí an Taoiseach i gceannas ar an toscaireacht náisiúnta chuig an gCruinniú Mullaigh Domhanda um Shochaí Fhaisnéise sa Ghinéiv. Labhair an Taoiseach leis an gCruinniú Mullaigh ag tabhairt an ról a ghlac na teicneolaíochtaí Eolais agus Cumarsáide le forbairt



(ó chlé) An Taoiseach Bertie Ahern, Bono, agus an Aire Stáit Tom Kitt TD, ag seoladh na hÉireann de Thuarascáil an UNDP um Fhorbairt an Duine 2003 (grianghraf: Maxwells)

eacnamaíoch na hÉireann chun suntais, agus an straitéis nua de chuid Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, um TCE agus forbairt. D'aontaigh an Cruinniú Mullaigh Domhanda, a thabharfar chun críche leis an dara Cruinniú Mullaigh sa Túinéis i mí na Samhna 2005, ar Fhorógra um Phrionsabail agus ar Phlean Gníomhaíochta atá dírithe ar an scoilt dhigiteach idir na tíortha forbartha agus iad siúd atá i mbéal forbartha a dhúnadh agus ar dhéileáil le saincheisteanna nua ag eascair ón tsochaí fhaisnéise.

Mar aon lena thacaíocht do ghníomhaíochtaí forbartha na Náisiún Aontaithe, lean Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, lena idirphlé leis an mBanc Domhanda a threisiú. I mí Eanáir 2003, thug an tUas. Jim Wolfensohn, Uachtarán an Bhainc Dhomhanda, a chéad chuairt ar Éirinn. Bhí cruinnithe ag an Uas. Wolfensohn leis an Taoiseach, leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire Stáit Kitt.

Mar fhreagra ar iarraidh ón Uas. Wolfensohn, thug an Taoiseach léacht Uachtaránachta an Bhainc Dhomhanda ag Ceanncheathrú an Bhainc i Washington i mí an Mhárta 2003. Dhírigh óráid an Taoisigh: "domhandú, comhpháirtíocht agus infheistíocht i ndaoine; taithí na hÉireann" ar eochair-cheachta ó thaithí forbartha na hÉireann a bheadh suimiúil do thíortha atá i mbéal forbartha. Chuir an Banc agus na tíortha atá i mbéal forbartha a lán spéis san óráid. Mar obair leantach ón óráid, tá Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, agus an Banc ag comhoibriú ar fhorbairt chláir ina gcuimseofar caibidlíocht idir an mBanc, tíortha atá i mbéal forbartha agus saineolaithe ó Éirinn ar shaincheisteanna a d'eascair ó chlaochlú na hÉireann go geilleagar eolais.

Baineadh úsáid as chuairt an t-Uas. Wolfensohn, as óráid an Taoisigh agus as an bhfreastal a rinne Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, ar chruinnithe an Earraigh agus Bliantúil de chuid Institiúidí Bretton Woods chun beartas náisiúnta na hÉireann um an ualach fiachais sna tíortha is boichte ar domhan a chur chun cinn. Tá dearcadh na hÉireann go bhfuil an Tionscnamh reatha um Thíortha Bochta atá in Ard-Fhiacha (HIPC) an-lochtach, go háirithe maidir leis an gcritéar a úsáidtear chun na leibhéil fhiachais inbhuanaithe a shainmhíniú, agus ár ndearcadh go bhfuil cealú iomlán an fhiachais ina chuspóir lenar féidir linn tacú, an-ábhartha faoi láthair ós rud é go bhfuil leibhéil fhiachais dhíbhuanaithe fós ag a lán de na tíortha atá ag eascair ón bpróiseas HIPC um fhaoiseamh ó fhiachas.

De réir mar a théann an chaibidlíocht sna hInstitiúidí Bretton Woods i ndéine, ar cheist na h-inbhuaineachta fhiachais fhad-théarmaí agus ar thionscnamh an chlásail mhaolaithe den HIPC i mí na Nollag 2004, leanfaidh Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, ag cur dearcadh an Rialtais ar fhiachas chun cinn agus ar an riachtanas atá ann an próiseas iltaobhach um fhaoiseamh ó fhiachas a bhunú ar tháscairí forbartha daonna, seachas ar tháscairí eacnamaíocha amháin.

# EAGRAÍOCHTAÍ THALAMHAÍOCHTA AGUS BHIA NA NÁISIÚIN AONTAITHE

**An Coinbhinsiún um Bhiachabhair 1999**
Le linn na bliana 2003 d'aontaigh baill an Choinbhinsiúin bailíocht an Choinbhinsiúin a shíneadh do dhá bhliain bhreise chuig mí an Mheithimh 2005 agus tugadh réamhmheas do athchaibidlíocht fhéideartha ar an gCoinbhinsiún. Íocadh ranníocaíocht na hÉireann faoin gCoinbhinsiún um Bhiachabhair, bronntanas airgid de €1,523,6860, le Clár Domhanda an Bhia.

**Eagraíocht Bhia agus Thalmhaíocht na Naisiúin Aontaithe (FAO)**
Tá an Eagraíocht Bhia agus Thalmhaíocht (FAO) ar an bpríomhghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe do thalmhaíocht, iascaigh, foraoiseacht agus forbairt na tuaithe. Oibríonn sé i dtreo faoiseamh a thabhairt ó ocras agus ó bhochtaineacht trí fhorbairt thalmhaíochta, trí shlándáil bhia agus trí ardú na gcaighdeán cothaithe a chur chun cinn. Le linn na bliana 2003 lean an FAO lena ghnáthsceideal de chruinnithe teicniúla a chlúdaíonn réimse leathan saincheist.

Mar chuid den rún a lean an Cruinniú Mullaigh Domhanda um Bhia cúig bliana dá éis (2002), bunaíodh Meitheal Oibre Idir-rialtasach chun raon de threoirlínte deonacha a chomhaontú ar an gceart um bhia leordhóthanach. Tá beartaithe leis an bpróiseas, treoir a sholáthar do Stáit chun tuiscint fhorásach ar an gceart um bhia leordhóthanach a bhaint amach. Ghlac Éire páirt sa dá sheisiún tionscnaimh den mheitheal oibre.

Le linn na bliana 2003 chuimsigh an Chomhdháil FAO Comhsheisiúin Aireachta ar an mbabhta forbartha WTO agus Doha, ar shlándáil bhia agus uisce, agus ar shábháilteacht bhia. Ghlac an tAire Noel Treacy páirt sa chomhchomhairle ar an WTO thar ceann na hÉireann.

Mar aon leis an síntiús bliantúil de €882,809.98 a sholáthar don FAO, bhronn Éire cistiúchán buiséadach breise mar seo a leanas:

- cuireadh €151,000 ar fáil don FAO, faoin Scáthchlár II, d'fhonn oibriú go díreach leis an Tansáin chun acmhainn na n-acmhainní daonna agus na n-institiúidí a fhorbairt chun buntáiste a bhaint as na deiseanna trádála.
- cuireadh €60,000 ar fáil chun cuidiú le costas chun cruinniú a eagrú do fhorfheidhmiú an Chonartha Idirnáisiúnta um acmhainní ghéiniteacha plandaí agus chun cuidiú le tacaíocht a thabhairt do ionadaithe ó thíortha atá i mbéal forbartha páirt a ghlacadh ann. cuireadh €50,000 ar fáil do Chiste Iontaobhais Codex an FAO/WHO chun tacaíocht a thabhairt ionas go nglacfaidh níos mó tíortha atá i mbéal forbartha páirt sa Chodex Alimentarius, an Eagraíocht Dhomhanda um Chaighdeáin an Bhia.

Cuireadh €500,000 breise ar fáil don FAO ó bhuiséid Éigeandála agus Aisghabhála Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire. Rinneadh €100,000 de seo a sholáthar don FAO mar fhreagairt ar agairt ó Rialtas na Tansáine do bhia, síolta agus leasachán agus cuireadh an fuíoll de €400,000 ar fáil mar fhreagairt ar an bPróiseas Agartha Comhtháite 2003 do Siarra Leon. Ba é eochair-chuspóir na dtionscnamh seo ná rannchuidiú le hathchóiriú na slándála bia agus na slite beatha do theaghlaigh chun ceart an duine ar bhia a chinntiú trí tháirgeadh talmhaíochta agus an geilleagar tuaithe a spreagadh.

Is ionann seo agus iomlán cistiúchán de €1,643,809 a thug Éire don FAO sa bhliain 2003.

**Clár Domhanda an Bhia (WFP) de chuid na Naisiúin Aontaithe**
Is é Clár Domhanda an Bhia (WFP), a bunaíodh sa bhliain 1963, an phríomheagraíocht de chuid na Náisiún Aontaithe atá dírithe ar an ocras domhanda a throid. Spriocaimsíonn an WFP daonraí leochaileacha sna tíortha íseal-ioncaim agus is lú forbartha áit a bhíonn ar dhaoine atá thíos leis de bharr thubaistí nádúrtha agus coimhlintí, dídeanaithe agus Daoine Díláithrithe go hInmheánach aghaidh a thabhairt ar ghanntanas bia. Braitheann an WFP ar ranníocaíochtaí deonacha chun a obair dhaonchairdiúil agus fhorbartha a mhaoiniú. Rannchuidíonn rialtais, gnólachtaí agus daoine aonaracha i bhfoirm airgid, bia, nó soláthraíonn siad na háiseanna chun bia a fhás, a stóráil agus a chócaráil. Soláthraítear cistiúchán na hÉireann i

bhfoirm airgid agus dá réir sin tá sé an-úsáideach do cheannach a dhéanamh go háitiúil agus chun spreagadh a chur ar fáil do gheilleagair áitiúla.

Is é an WFP an comhpháirtí daonchairdiúil-aisghabhála aonair is mó atá ag Éirinn anois agus thug Éire iomlán cistiúchán de €8.97milliún dó sa bhliain 2003 as a dtáinig €4.54m ó Comhoibriú um Fhorbairt, Éire. Tháinig an chuid is mó den chistiúchán seo ó na buiséid éigeandála agus aisghabhála chun cúnamh a thabhairt do chláir éigeandála bia sa Libéir, i Uganda, san Eiritré, san Iaráic, sa tSiombáib, sa tSúdáin agus sa Tíomór Thoir. Tháinig an €4.43m eile ón Roinn Talmhaíochta agus Bia. Bhí suíochán ag Éirinn den chéad uair, le linn na bliana 2003, ar Bhord Feidhmeannach Chlár Domhanda an Bhia. I mí Iúil na bliana sin thug Stiúrthóir Feidhmiúcháin an WFP, an tUas. James Morris, cuairt ar Bhaile Átha Cliath, áit a bhuail sé leis an Aire Stáit; bhí malartú dearcaidh úsáideach acu ar shaincheisteanna tábhachtacha, lena n-áirítear na géarchéimeanna bia athfhillteacha san Afraic agus an tionchar atá ag VEID/SEIF ar an ocras domhanda.

### An Ciste Idirnáisiúnta um Fhorbairt Thalmhaíochta (IFAD)

Is gníomhaireacht speisialtóra de chuid na Náisiún Aontaithe é an Ciste Idirnáisiúnta um Fhorbairt Thalmhaíochta (IFAD) a bunaíodh mar institiúid idirnáisiúnta airgeadais (IFI) sa bhliain 1977 mar fhreagairt ar na géarchéimeanna bia a bhí san Afraic le linn thosach na 1970í. Mar institiúid idirnáisiúnta airgeadais is institiúid iasachtaithe é an IFAD den chuid is mó, cé go soláthraíonn sé suimeanna beaga de chistiúchán deontais freisin. Is é iomlán a phunann iasachta reatha ná US$6.1bn. Le linn na bliana 2002 chuir an IFAD comhaontaithe iasachta i gcrích ar luach US$366m agus d'íoc sé amach US$24m i ndeontais. As an gcistiúchán iasachta leithdháileadh 19.3% ar Iarthar agus Lár na hAfraice agus 16.8% ar Oirthear agus Deisceart na hAfraice. Tá iomlán US$600m in iasachtaí tugtha ag an IFAD do chlár-thíortha déthaobhacha Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, san Afraic fho-Shahára, ag clúdach tuairim is 20 tionscadal talmhaíochta.

Soláthraíonn Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, tacaíocht don IFAD trí dhá mheicníocht. Rannchuidíonn sé go díreach le bunchistiúchán an IFAD do chríocha iasachtaithe agus, soláthraíonn sé cistiúchán trí Chomhaontú um chistí fhorlíontacha, gur féidir a úsáid do ghnéithe deontais de thionscadail i gclár-thíortha déthaobhacha Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire. Síníodh Comhaontú reatha Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, um chistí fhorlíontacha sa bhliain 2001 le tiomantas chun €1.27 milliún a sholáthar gach bliain do thréimhse ceithre bliana (2001-2004). Áirítear i measc na gclár a fuair tacaíocht faoin gComhaontú cláir fhorbartha um uisciú, córais mhargaíochta do thalmhaíocht agus cláir thacaíochta um fhorbairt dhúiche sa Tansáin, san Aetóip agus i Uganda. Ceadaíodh cistiúchán de €1milliún i 2003 i gcóir clár IFAD um chruthú agus um bhainistiú chiste creidmheasa chun tacaíocht a thabhairt do mhargaí talmhaíochta (FAMA) sa Mhósaimbíc.

Is ionann ranníocaíocht na hÉireann don 6ú athsholáthar de bhunchistí an IFAD, a mhaoineoidh an IFAD ó 2004 go 2006, agus €1.17m. Is é iomlán na ngealltanas ó gach thír don athsholáthar ná timpeall US$490m.

Tá Éire ina ball de Bhord Feidhmeannach an IFAD i láthair na huaire, ó Eanáir 2003 go Nollaig 2005, agus tá sí ag baint úsáid ghníomhach as an deis seo chun tionchar a bheith aici ar idirphlé an IFAD ag leibhéal clár-thíre Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, trí baint níos láidre den IFAD a chur chun cinn i bpróisis an leibhéil thíre do fhoirmliú beartais agus do chomhordú cúnaimh, mar an gCur Chuige Fairsing Earnála agus na Straitéisí um Laghdú na Bochtaineachta. Feabhsóidh sé seo caighdeán, éifeachtúlacht, tionchar agus inbhuaineacht na n-infheistithe IFAD-mhaoinithe agus freisin feabhsófar an timpeallacht inar seachadann Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, a chúnamh forbartha don talmhaíocht agus do fhorbairt na tuaithe ina chlár-thíortha.

# AN t-AONTAS EORPACH

Tá an tAontas Eorpach ar an mbronntóir is mó de chúnamh forbartha ar domhan agus soláthraíonn sé leath den chabhair iomlán a bhronntar.

**Comhaontú Comhpháirtíochta Cotonou AMCAC-CE**

Tháinig an Comhaontú Cotonou, a síníodh idir ballstáit ghrúpa na hAfraice, an Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (AMCAC) agus an Comhphobal Eorpach i gCotonou, Beinin, i mí an Mheithimh 2000, i bhfeidhm ar an 1 Aibreán 2003.

**Na Comhairlí Eorpacha**

Chuir an Chomhairle Eorpach a tionóladh sa Bhruiséil ar an 20/21 Márta 2003 béim ar an bhfíoras go raibh an tAontas tiomanta go gníomhach a ról ceannródaithe a choimeád chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn ar scála domhanda trí na cuspóirí polaitiúla a comhaontaíodh i Johannesburg, Doha agus Monterrey a aistriú do gnímh choincréiteacha.

I dThessaloniki ar an 20/21 Meitheamh 2003, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach a tiomantas troid i gcoinne VEID/SEIF, an eitinn agus an mhaláire d'fhonn iad a dhíothú. D'fháiltigh sé roimh thionscnamh tapa ghníomhaíochtaí an Chiste Domhanda chun troid i gcoinne VEID/SEIF, an eitinn agus an mhaláire agus dhearbhaigh sé a dhiongbháilteacht chun an t-ionstraim iltaobhach seo a chumasú chun cosc, cúram agus cóireáil inacmhainneach agus ar ard-chaighdeán a thabhairt chuig na daoine bochta sna tíortha atá i mbéal forbartha.

**An Chomhairle um Ghnóthaí Ginearálta agus um Chaidreamh Sheachtrach [GAERC]**

**Bealtaine 2003**

La linn na Comhairle um Ghnóthaí Ginearálta agus um Chaidreamh Sheachtrach de mhí na Bealtaine 2003, rinne Airí an AE um Chomhoibriú Forbartha a ndearcaidh a mhalartú ar réimse shaincheist lena n-áirítear tuarascáil an Choimisiúin ar an obair leantach chuig Comhdháil Idirnáisiúnta Monterrey um Mhaoiniú do Fhorbairt sa bhliain 2002; scaoileadh an chúnaimh, leis an gcuspóir an nasc a bhriseadh idir bhronnadh an chúnaimh agus ceannach earraí agus seirbhísí sa tír bhronntóra leis an gcúnamh sin; clár oibre an Choimisiúin um fhorbairt bheartais do 2003; dul chun cinn maidir le hathchóiriú i mbainistiú an chúnaimh; agus Cumarsáid de chuid an Choimisiúin ar bhunú Ciste Uisce den AE.

D'aontaigh an Chomhairle freisin ar dhá dhréacht-Rialachán a fhorálann do €351 milliún de chúnamh do bhearta chun galair na bochtaineachta a throid - VEID/SEIF, an mhaláire agus an eitinn – agus €73.95 milliún de chúnamh do bheartais agus do ghnímh um shláinte agus um chearta atáirgthe agus ghnéasaí sna tíortha atá i mbéal forbartha. Tá na Rialacháin seo mar chuid de rannchuidú an Aontais Eorpaigh le péire de na hocht Spriocanna Forbartha Mílaoise a bhaint amach atá dírithe ar stad a chur le leathadh VEID/SEIF, maláire agus galair mhóra eile faoin mbliain 2015 agus chun coibhneas mortlaíochta na máithreach a ísliú de réir trí-cheathrú cuid idir 1990 agus 2015.

**Samhain 2003**

La linn na Comhairle um Ghnóthaí Ginearálta agus um Chaidreamh Sheachtrach de mhí na Samhna 2003, d'fhormheas Airí an AE um Chomhoibriú Forbartha dréacht-Chinneadh, le glacadh ag Comhairle na n-Airí AMCAC-CE, ar úsáid acmhainní an Chiste Forbartha Eorpaigh chun Áis Shíochána a chruthú don Afraic. Thug an Coimisiún a rún le fios chun buiséad de €250 milliún a mholadh go luath sa bhliain 2004 a chinnteodh go mbeadh an Áis Shíochána i ngníomh roimh dheireadh na bliana 2004.

D'eagraigh an Chomhairle díospóireacht bheartais ar thuarascáil de chuid an Choimisiúin faoi bheartas an Chomhphobail um chomhoibriú forbartha agus faoi fhorfheidhmiú chúnamh sheachtrach an AE i 2002 a chuir béim faoi leith, inter alia, ar chomhlántacht idir an gcúnamh déthaobhach, iltaobhach agus CE agus leanúnachas idir chuspóirí bheartas forbartha an CE agus beartais eile den AE.

Ghlac an Chomhairle Conclúidí freisin a d'eascair ó Chumarsáid de chuid an Choimisiúin ar straitéis an AE um thacaíocht do dhea-rialachas sna tíortha atá i mbéal forbartha.

# COMH-MHAOINIÚ LE GNÍOMHAIREACHTAÍ ILTAOBHACHA

Seo a leanas achoimre ar na gníomhaireachtaí iltaobhacha lena raibh socruithe comh-mhaoinithe ag Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, le linn na bliana 2003.

**An Fhondúireacht Afracach um Fhorbairt Acmhainne**

Is institiúid neamhspleách um chistiúchán forbartha í an Fhondúireacht Afracach um Fhorbairt Acmhainne (ACBF), a lorgaíonn feidhmíocht agus éifeachtúlacht na hearnála poiblí a mhéadú agus na hinstitiúidí réigiúnacha san Afraic a neartú. Ghlac Éire ballraíocht san ACBF sa bhliain 2001 do thréimhse thionscnaimh de dhá bhliain agus i 2003, d'aontaigh sí do chlár comhpháirtíochta cúig bliana breise. Íocadh amach €1 milliún i gcistiúchán leis an ACBF i 2003.

**An Cumann um Fhorbairt an Oideachais san Afraic (ADEA)**

Is éard an ADEA ann ná comhpháirtíocht de Airí Oideachais Afracacha, ionadaithe ó ghníomhaireachtaí cistiúcháin (déthaobhach/iltaobhach/eagraíochtaí neamh-rialtasacha) agus teagascóirí gairmiúla agus taighdeoirí. Tríd a Mheithleacha Oibre éagsúla, forálann an ADEA do chaibidlíocht, do chomhairliú, agus do chomhphleanáil bheartais idir na hAireachtaí Oideachais, na bronntóirí agus páirtithe leasmhara eile. Sa bhliain 2003, sholáthar Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, iomlán €317,000 i gcistiúchán don ADEA do na meithleacha oibre seo.



Abdu Bona, cathaoirleach an ghrúpa Mshikamano um dhéantús mata sa Tansáin.© Comhoibriú um Fhorbairt, Éire/Pieternella Pieterse

**Grúpa Comhairleach um Thaighde Idirnáisiúnta Talmhaíochta (CGIAR)**

Is cumann neamhfhoirmiúil é an CGIAR le 52 comhalta poiblí agus príobháideach, ó na leathsféir Thuaidh agus Theas, ag a bhfuil an misean rannchuidiú trí thaighde le talmhaíocht inbhuanaithe do shlándáil bhia sna tíortha atá i mbéal forbartha. Tá an CGIAR comh-urraithe ag an FAO, an UNDP, an UNEP agus an Banc Domhanda. Oibríonn an CGIAR ar fhoirmliú agus ar fhorfheidhmiú chláir thaighde, a chuirtear i gcrích ag líonra de 16 Ionad idirnáisiúnta um thaighde talmhaíochta, lena bhfuil sé ag tabhairt tacaíocht dá n-obair. Ba é an t-iomlán cistiúchán a cuireadh ar fáil don CGIAR sa bhliain 2003 ná €2.37 milliún. Ba iad na hIonaid a fuair tacaíocht ná an Institiúid Idirnáisiúnta um Thaighde Beostoic (ILRI), an Institiúid Idirnáisiúnta um Thaighde ar an mBeartas Bia (IFPRI), an tIonad Idirnáisiúnta um Thaighde in Agra-fhoraoiseacht (ICRAF) agus an Institiúid Idirnáisiúnta um Bhainistíocht Uisce (IWMI).

**An Institiúid Idirnáisiúnta um Phleanáil Oideachais (IIEP)**

Is éard an Institiúid Idirnáisiúnta um Phleanáil Oideachais (IIEP) ann ná eagraíocht a oibríonn go gníomhach sa réimse thaighde agus phleanála oideachais. Tá sí ina cuid lárnach de UNESCO. Is é misean an IIEP ná cabhrú le tíortha chun an acmhainn a fhorbairt chun oideachas an phobail a cheapadh, a sheachadadh agus a bhainistiú agus chun eolas a chur ina luí ar an oideachas. Aontaíodh sa bhliain 2001 ar €762,000 a sholáthar thar thréimhse trí-bliana. Fuair an IIEP cistiúchán de €254,000m sa bhliain 2003.

**An Ciste Idirnáisiúnta um Fhorbairt Thalmhaíochta (IFAD)**

Is gníomhaireacht fhorbartha speisialtóra de chuid na N.A. í an IFAD ag a bhfuil an cuspóir iasachtaí lamháltais a sholáthar do thíortha atá i mbéal forbartha i gcóir maoiniú tionscadail i réimse an tháirgthe bia. Sa bhliain 1997, bhunaigh Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, clár um chomhoibriú leis an IFAD, inar cuimsíodh ranníocaíocht bhliantúil de thimpeall €1.27m do chláir oiriúnacha a aithníodh do gach bliain thar thréimhse ceithre bliana ó 1997-2000. Ba eochair-chuid de chomhpháirtíocht an IFAD-Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, ná malartú eolais trína bhféadfadh gníomhaíochtaí agus taithí an IFAD ar shaincheisteanna slándála bia rannchuidiú le foirmliú bheartas Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire. Síníodh an dara comhaontú ceithre bliana (2001-2004) ag leanacht leis an ranníocaíocht bhliantúil de €1.27m in aghaidh na bliana i 2001. Sa bhliain 2003, rinneadh cistiúchán ó chlár cúnaimh a comhaontaíodh roimhe sin agus nár cuireadh tús leis a ath-leithdháileadh ar dhá chlár sa Mhósaimbíc agus i Uganda.

**An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (ILO)**

Ba é cuspóir foriomlán an Chláir Chomhpháirtíochta ILO-Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, ná deiseanna níos fearr a chruthú do mhná agus do fhir chun fostaíocht agus ioncam measartha a fháil. Laistigh den chomhthéacs leathan seo díríonn an clár ar phoist ard-chaighdeánacha a chruthú trí fhorbairt fhiontraíochta ban, trí infhostaíocht mhéadaithe na ndaoine le míchumas agus trí infheistíocht dhianfhostaíochta sa bhonneagar poiblí. Sa bhliain 2003, cuireadh gné nua leis an gcomhpháirtíocht, an Clár Gníomhaíochta Speisialta i gcoinne Shaothair Éigeantaigh (SAP-FL). Troideann an ghné nua seo i gcoinne gach foirm de shaothar sclábhaithe, braighdeanais, comhéigeantaigh agus leanaí, ar fud an domhain. Íocadh amach iomlán cistiúchán de €1,640,591 do ghníomhaíochtaí an Chláir Chomhpháirtíochta i 2003.

**An Chomhlacht Afracach um Sheirbhísí Bainistíochta (AMSCO)**

Bunaíodh AMSCO sa bhliain 1989 mar chomhthionscnamh idir Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP), Banc Forbartha na hAfraice (AfDB) agus an Chorparáid Idirnáisiúnta Airgeadais (IFC). Ofrálann AMSCO seirbhísí oiliúna oiriúnaithe do bhainisteoirí agus do bhaill foirne áitiúla chun a scileanna a uasghrádú, a bhfeidhmíocht agus a dtáirgiúlacht a fheabhsú agus soláthraíonn sé bainisteoirí agus pearsanra teicniúil do chuideachtaí príobháideacha beag agus meánach san Afraic. Shínigh Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, comhaontú chun mhaoiniú ag luach €1.9m a thabhairt do AMSCO thar na tréimhse trí bliana 2002-2004, agus rinneadh an dara íocaíocht de €634,869 faoin gcomhaontú seo sa bhliain 2003.

# DÚSHLÁIN NUA 5

## AN GHNÉ FHORBARTHA DE CHAINTEANNA TRÁDÁLA NA HEAGRAÍOCHTA DOMHANDA TRÁDÁLA (WTO)

**J. Morahan, Comhoibriú um Fhorbairt, Éire**

Tá Éire ina bronntóir tábhachtach agus flaithiúil do thíortha atá i mbéal forbartha lenár leibhéal reatha de chúnamh ODA atá suite ag 0.41% den OTI. Is follasach gur chóir flaithiúlacht na hÉireann i gcabhair fhorbartha, lena dian-fhócas ar laghdú na bochtaineachta, a bheith inchurtha le straitéis chun a chinntiú go bhfuil an trádáil dhomhanda ina huirlis chomh héifeachtach céanna sa troid i gcoinne na bochtaineachta i dtíortha atá i mbéal forbartha. Caithfear na tíortha atá i mbéal forbartha a éascú agus tacú leo i dtreo iad a lánpháirtiú, ar bhonn cothrom agus cóir, sa chóras trádála domhanda má táimíd chun Sprioc Fhorbartha na Mílaoise den troid i gcoinne na bochtaineachta a bhaint amach faoin spriocdháta de 2015.

### Tíortha i mbéal forbartha sa gheilleagar domhanda

Tá cur chuige na hÉireann maidir leis an gcaidreamh idir an trádáil agus an fhorbairt bunaithe ar an aitheantas go bhféadfaidh méadú ar lánpháirtiú gheilleagair sa gheilleagar domhanda sochair shuntasacha agus dhearfacha a bheith aige do fhorbairt. Aithnímid freisin gur féidir le rátaí arda de fhás eacnamaíoch a bheith i measc na mbealaí is éifeachtaí chun an bhochtaineacht a laghdú. Tá sé measta go dtuileann na 49 tír is boichte ar domhan ocht n-uaire níos mó ó thrádáil ná mar a fhaigheann siad i bhfoirm chabhair fhorbartha ón iasacht. De réir anailís dhéanaí ón mBanc Domhanda, d'fhéadfadh méadú i bhfás thapa i gcomhcheangal le laghdú domhanda i mbearta cosanta trádála an líon duine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht a ísliú trí suas le 144 milliún duine faoi 2015, agus rannchuidiú luachmhar a thabhairt chun Spriocanna Forbartha na Mílaoise a chomhlíonadh.

### Fás Bocht-Bhách

Tá fios ag Éirinn go bhfuil méadú i dtrádáil agus i bhfás eacnamaíoch riachtanach, ach ní leordhóthanach, chun laghdú i mbochtaineacht a bhaint amach sna tíortha atá i mbéal forbartha. Ní foláir don fhás a bheith bocht-bhách agus torthaí an fháis seo san fhorbairt eacnamaíoch a dháileadh go cothrom ar fud na sochaí agus ní amháin iad a bheith chun leasa do theascáin áirithe agus phribhléideacha den daonra.

### Leanúnachas idir an Trádáil agus na Beartais

Tugann an caidreamh idir an trádáil agus an fhorbairt dúshlán do bhronntóirí chun beartais chomhchuibhithe a lorg sa dá réimse seo. Bhunaigh Tuarascáil an Choiste Athbhreithnithe um Chúnamh Éireann, lenar aontaigh an Rialtas sa bhliain 2002, an prionsabal gur chóir go rachadh clár na hÉireann um Chomhoibriú Forbartha sa tóir ar leanúnachas beartais, go hinmheánach laistigh den chlár, le beartas eachtrach na hÉireann, le beartais eile de chuid Rialtas na hÉireann agus le heagraíochtaí bronntóra agus iltaobhacha eile.

*"Ba chóir iarrachtaí a dhéanamh chun a chinntiú go mbíonn an dearcadh a ghlacann Éire in idirbheartaíocht idirnáisiúnta ar, abair, talmhaíocht, trádáil agus an comhshaol nó ar ábhair fhioscacha iomchuí do sin a bhfuil an tír ag déanamh iarracht a dhéanamh lena clár um chúnamh forbartha"*

Trí an eochair-phrionsabal seo a chur i bhfeidhm do Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, ghlac an tAire Stáit Tom Kitt páirt i bhfoireann Aireachta na hÉireann a rinne ionadaíocht ar Éirinn ag Cruinniú Aireachta an WTO i gCancún i mí Mheán Fómhair 2003. Ba é seo an chéad uair do Aire Éireannach le freagracht as cúram na forbartha páirt a ghlacadh i gcruinniú dá leithéid. Léiríonn sé seo an tábhacht a leagan an Rialtas ar thrádáil idirnáisiúnta mar bhealach chun ár gcuspóirí forbartha de laghdú na bochtaineachta agus an chomhionannais a bhaint amach.

### Clár Forbartha Doha

Is é bunchuspóir Chlár Forbartha Doha den WTO, a seoladh i mí na Samhna 2001, ná lánpháirtiú gheilleagair na dtíortha atá i mbéal forbartha agus na tíortha is lú forbartha a chur chun cinn sa chóras trádála domhanda. Tá cúraimí intuigthe, áfach, ag tíortha atá i mbéal forbartha agus na tíortha is lú forbartha go mbeadh éifeachtaí an-dhiúltacha ag córas trádála iltaobhach ar a ngeilleagair. Creideann Éire nárbh fholáir go mbeadh toradh le sochair dháiríre ag idirbheartaíocht Doha do na tíortha seo má táthar chun dul i gceann na gcúraimí seo go rathúil.

Ina chur chuige do Chruinniú Aireachta Cancún, dá bhrí sin, chuir Rialtas na hÉireann béim faoi leith ar bhaint amach dhul chun cinn dáiríre agus coincréiteach ar an gclár forbartha. Chonaic an Rialtas riachtanas chun plé a dhéanamh ar lochtanna na hidirbheartaíochta ó seoladh í i 2001 agus chun go nglacfadh na tíortha forbartha cur chuige níos éifeachtaí agus níos flaithiúla fós a ligfeadh don idirbheartaíocht leanacht ar aghaidh gan bac agus torthaí sochair chothroma a tháirgeadh do gach ball den WTO.

**Cliseadh Cancún**

Ar an ócáid, áfach, níor tháinig rath ar ár gcuid oibre ag Cancun. Tharla seo, i bpáirt, de dheasca an chliste chun dul chun cinn leordhóthanach a dhéanamh ar chúraimí na dtíortha atá i mbéal forbartha le linn na hidirbheartaíochta a bhí ar siúl go leanúnach thar thréimhse dhá bhliain ó seoladh an próiseas i nDoha sa bhliain 2001. Le linn an chruinnithe sin, gheall baill an WTO idirbheartaíocht a chur i gcrích ar líon shaincheist imní do thíortha atá i mbéal forbartha agus do na tíortha is lú forbartha go fada roimh Chruinniú Aireachta an WTO i gCancún. Bhí an sraith céimeanna seo a leanas samhlaithe ag Doha chun an clár forbartha a chur chun cinn:

- comhaontú ar phacáiste neartaithe, éifeachtach agus feidhmiúil de fhorálacha do Chóireáil Speisialta agus Idirdhealaitheach (STD) a bhaint amach faoi lár na bliana 2002;
- nós imeachta chun ligint do bhallstáit le hearnálacha déantúis chógaisíochta laga nó nárbh ann dóibh rochtain a fháil ar dhrugaí cineálacha de bhun na bhforálacha den Chomhaontú um Mhaoin Intleachtúil Trádáil-Bhainteach (TRIPS) a bhunú faoi dheireadh na bliana 2002;
- chuirfí comhaontú i gcrích freisin ar thiomantais bhreise chun fóirdheontais onnmhairíochta agus tacaíocht bhaile do tháirgí talmhaíochta a ísliú agus chun rochtain ar an margadh a fheabhsú do na táirgí seo.

Cé gur baineadh amach céim ar aghaidh thábhachtach ar an gComhaontú TRIPS ar an oíche roimh chruinniú Cancún, níor leanadh leis an móiminteam seo le linn na hidirbheartaíochta níos leithne a tháinig ina dhiaidh. Thaispeáin an cur chuige a thóg líon tír atá i mbéal forbartha ag Cancún a ndiongbháilteacht agus a gcumas dearfach chun a leas a chosaint sa phróiseas idirbheartaíochta. Léirigh Cancún go bhfuil athrú mór tagtha ar an idirbheartaíocht thrádála ó na babhtaí roimhe seo, go bhfuil an tromlach sa WTO ag na tíortha atá i mbéal forbartha agus go bhfuil a gcomhaontú siúd ina réamhchoinníoll don rathúlacht.

**Leochaileacht na dTáirgeoirí Cadáis agus eile**

Cuireadh béim faoi leith ag Cancún ar na fadhbanna áirithe atá os comhair na dtíortha in Iarthar na hAfraice a tháirgeann cadás. Baineadh úsáid as na cainteanna seo ar chadás chun béim a chur ar an riachtanas práinneach chun dul i gceann na ceiste faoi thionchar na bhfóirdheontas cadáis ag tíortha forbartha ar gheilleagair Iarthar na hAfraice. Chuir siad béim freisin ar an gceist níos leithne de leochaileacht na dtíortha atá i mbéal forbartha agus atá spleách ar thráchtearraí sa timpeallacht thrádála idirnáisiúnta.

Sna seachtainí i ndiaidh Cancún, chuir an Coimisiún Eorpach tús le hobair ar thogra chun plé a dhéanamh ar chúraimí na dtíortha atá i mbéal forbartha a bhaineann le slabhraí tráchtearraí talmhaíochta, spleáchas agus bochtaineacht. Lean sé seo le glacadh togra, le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, do Phlean Gníomhaíochta uaillmhianach de chuid an AE chun dul i ngleic leis na cúraimí seo. D'aontaigh an tAE freisin togra sonrach do chomhpháirtíocht AE-Afracach mar thaca le forbairt na hearnála cadáis. Bainfidh an chomhpháirtíocht seo le hiarrachtaí breise de chuid an AE chun coinníollacha trádála idirnáisiúnta níos cothroime a bhaint amach san earnáil chadáis mar aon le bearta sonracha chun tacaíocht a thabhairt do thíortha a tháirgeann cadás san Afraic.

**Na Ceachta ó Cancún**

Ní chiallaíonn an cliseadh chun comhaontú a bhaint amach i gCancún, cé gur cur ar gcúl mór é, go bhfuil deireadh curtha le babhta Doha ná leis an gClár Forbartha. Foghlaimíodh ceachta ag Cancún, lena n-áirítear an tábhacht atá le gníomh chun an tiomantas do phlé a dhéanamh ar riachtanais na dtíortha atá i mbéal forbartha sa phróiseas WTO a chomhlíonadh agus chun bearta a leagan síos le tosaíocht, tagarmharcáil agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ar shochair dháiríre do thíortha atá i mbéal forbartha agus do na tíortha is lú forbartha trí TRIPS, SDT agus forálacha talmhaíochta.

Tá iarrachtaí chun na cainteanna WTO a chur ar ais ar an gcosán ceart ag teacht i dtreo phointe thábhachtach i láthair na huaire. Tá súil go dtiocfaidh atosú luath den idirbheartaíocht as.

**Ról na hEarnála Príobháidí**

Tá suim ag Éirinn freisin fáil amach conas gur féidir lenár mbeartas forbartha agus sin ag bronntóirí agus ag gníomhaireachtaí idirnáisiúnta eile cabhrú le poitéinseal na hearnála príobháidí i dtíortha atá i mbéal forbartha do fhás na fostaíochta agus do laghdú na bochtaineachta a spreagadh. Léiríonn taithí na hÉireann an ról lán-eochrach atá ag an earnáil phríobháideach i bhfás eacnamaíoch. Is dóchúil é go leanfaidh an ráta cruthaithe poist ar mhór-scála i rialtas agus i bhfiontair phoiblí ag titim i dtíortha atá i mbéal forbartha. Tugann sé seo tábhacht níos láidre fós do chumas na hearnála príobháidí poist a chruthú mar fhoinse ábhartha eile chun an bhochtaineacht a laghdú.



Buachaill tréadaíochta Basotho. Le caoinchead ó Tara Shine

# AN RANNÓG THEICNIÚIL: SAINEOLAS SPEISIALTÓRA I GCLÁR CHOMHOIBRIÚ UM FHORBAIRT, ÉIRE

Bíonn ionchur ó fhoireann speisialtóra ag teastáil do phleanáil, do mhaoirseacht agus do bhainistiú na gclár um chúnamh forbartha, foireann ag a bhfuil an cháilíocht agus an taithí riachtanach i réimse an chomhoibrithe fhorbartha idirnáisiúnta.

Thar na tréimhse deich mbliana atá caite, agus de réir mar atá an clár ag dul i méid, tá líon mór speisialtóir forbartha fostaithe ag Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, ar a bhfuil an dualgas oibriú go dlúth le baill foirne bainistíochta eile, chun féachaint chuige go mbeidh na caighdeáin cháilíochta agus chuntasachta is airde le fáil thar iomlán an chláir um chabhair.

Tá tuairim is 50 speisialtóir forbartha fostaithe ag Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, i láthair na huaire. Cuirtear iad seo i bhfeighil oibre i mBaile Átha Cliath agus in Oifigí um Chomhoibriú Forbartha sna clár-thíortha.

I mBaile Átha Cliath, cuirtear baill foirne speisialtóra i bhfeighil oibre san Aonad Measúnachta agus Iniúchta nó sa Rannóg Theicniúil – aonad soláthair foirne nua-bhunaithe atá freagrach as saineolas teicniúil ar ard-chaighdeán a sholáthar ar fud chlár Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire.

Sna clár-thíortha bíonn freagracht ar na speisialtóirí forbartha as bainistiú agus as maoirseacht a dhéanamh ar chláir thíre dhéthaobhacha na hÉireann – a pleanáladh i gcomhar leis an rialtas, le heagraíochtaí bronntóra agus na sochaí sibhialta sna suímh seo. Tá obair na speisialtóirí imirceacha comhlánaithe ag obair na saineolaithe a fhostaítear go háitiúil – gné atá sainiúil i gclár Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, agus gné a fuair ard-mholadh in a lán athbhreithnithe ar an gclár.

Mar iarmhairt ar seo, cuirtear saineolas speisialtóra lán-aimseartha ar fáil do Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, sna réimsí seo a leanas: Oideachas, Eacnamaíocht, Sláinte, Rialachas, VEID/SEIF, Inscne, Éigeandáil/Athshlánú, Bochtaineacht/Monatóireacht, An tSochaí Shibhialta, Eagraíochtaí Idirnáisiúnta, Éifeachtúlacht an Chúnaimh, Measúnacht agus Iniúchadh/Bainistíocht Airgeadais. Comhlánaítear an saineolas seo ó am go chéile trí chúnamh ó chomhairleoirí atá conraithe go seachtrach.

Bíonn na speisialtóirí forbartha lánpháirtithe go daingean sna struchtúir bhainistíochta de chlár Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire. Mar aon le saineolas forbartha leanúnach a sholáthar déanann siad ionadaíocht ar Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, ag cruinnithe náisiúnta agus idirnáisiúnta; molann siad réimsí nua do fhorbairt an chláir; idirphléann siad le heagraíochtaí bronntóra idirnáisiúnta agus eile; déanann siad tuarascálacha agus athbhreithnithe a choimisiúnú agus a tháirgeadh agus soláthraíonn siad comhairle do fhorbairt agus do athchóiriú na mbeartas ábhartha don chlár.


Cuid thábhachtach dá n-obair ná chun féachaint chuige go ndéanann clár Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, de réir an bhailiúcháin, agus go gcuireann sé leis an mbailiúchán, eolais atá ag dul i méid agus a chinntíonn go mbaintear úsáid éifeachtach as an gcúnamh forbartha chun saoil na mbocht i dtíortha íseal-ioncaim a fheabhsú – agus go mbainfear úsáid as an 'dea-chleachtas' seo i bpleanáil agus i bhforfheidhmiú na gclár lena bhfuil Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, ag tacú.

# MEASÚNACHT AGUS INIÚCHADH

Ba cuid thábhachtach de chlár oibre an Aonaid Mheasúnachta agus Iniúchta sa bhliain 2003 na cleachtaí straitéiseacha suntasacha a bhí nasctha le beartas, le pleanáil agus le bainistiú an chláir iniúchta inmheánaigh de Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire. Cuireadh béim speisialta ar fhéachaint chuige gur clúdaíodh eochair-réimsí an chláir; gur cuireadh béim mhór ar scaipeadh (lena n-áirítear úsáid níos mó de TE); agus gur socraíodh aon chleachtadh a cuireadh i gcrích chun a fhothú isteach sa phróiseas athbhreithnithe beartais. Tá sé seo léirithe trí chleachtaí measúnachta ag leibhéal tíre á gcur i gcrích i Uganda agus san Afraic Theas, trí chomhmheasúnacht bhronntóra ar thacaíocht sheachtrach do bhunoideachas, trí mheasúnacht ar fhreagairt dhaonchairdiúil na n-eagraíochtaí neamh-rialtasacha sa Mhaláiv agus trí na hAthbhreithnithe ar an gCaiteachas Poiblí.

Is aonad neamhspleách é an tAonad Measúnachta agus Iniúchta laistigh de Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, agus treoraítear é ag dhá phríomhchúram bainteach (i) beartas agus cleachtas forbartha idirnáisiúnta éifeachtach agus (ii) cuntasacht phoiblí. Is é misean an Aonaid: "feidhm Mheasúnachta agus Iniúchta éifeachtach, éifeachtúil, ábhartha agus neamhspleách a chothabháil laistigh de Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, trí chleachtaí measúnachta agus iniúchta a fhorghníomhú, ag éascú an glacadh dá gcinneadh fíorais agus ag rannchuidiú le forbairt bheartais laistigh den chlár iomlán."

Tacaíonn an tAonad Measúnachta agus Iniúchta le Comhoibriú um Fhorbairt, Éire chun: **an fhoghlaim ó cheachta** a éascú chun an chinnteoireacht agus an fheidhmíocht a fheabhsú; **cuntasacht,** luach airgid,



ábharthacht don mhandáid, beartais agus tosaíochtaí a chinntiú; **comhlíonadh** na ndlíthe agus na rialacháin a bhaineann leis an Stiúrthóireacht a mheas; **tuairisc** a thabhairt don Pharlaimint agus don phobal maidir le héifeachtúlacht an chláir um chabhair; agus a phróisis **rialachais** a fheabhsú.

Tá an tAonad freagrach as an bhforbairt leanúnach de bheartais Mheasúnachta agus Iniúchta do Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, laistigh de chomhthéacs na forbartha idirnáisiúnta, an chleachtais idirnáisiúnta is fearr san iniúchadh agus sa mheasúnacht agus nósanna imeachta agus rialacháin Rialtas na hÉireann. Chun tacaíocht a thabhairt don ghníomhaíocht seo glacann an tAonad páirt i líon fóram Éireannach agus idirnáisiúnta.

**An Coiste Iniúchta**

Ba eochair-fhorbairt don fheidhm Mheasúnachta agus Iniúchta sa bhliain 2003 ná bunú an Choiste Iniúchta. Tá an Coiste seo ina chomhlacht a cruthaíodh go foirmiúil don Roinn Gnóthaí Eachtracha agus rannchuidíonn sé leis na córais rialaithe inmheánacha a neartú laistigh den Roinn. Feidhmíonn sé de réir chairt scríofa; tá ceithre chomhalta seachtrach aige mar aon le Cathaoirleach agus ullmhaíonn sé tuarascáil bhliantúil don Oifigeach Cuntasaíochta a dhéanann athbhreithniú ar a fheidhmeanna.

**Athbhreithnithe ar an gCaiteachas Poiblí**

Cuirtear na hathbhreithnithe ar an gcaiteachas i gcrích ag Ranna caiteachais, le hionchur cuí ón Roinn Airgeadais. Is é cuspóir an Athbhreithnithe ar an gCaiteachas Poiblí ná measúnacht a dhéanamh ar: cibé a léiríonn toradh an chláir reatha "luach airgid" nuair a dhéantar é a chomparádú leis na cuspóirí; agus cibé an bhfuil cuspóirí an chláir in oiriúint le Beartas foriomlán Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire. Is é an tionchar a bhíonn ag na hathbhreithnithe ar an gcaiteachas ná an mheasúnacht ar an gcaiteachas poiblí a bhogadh ó fhócas ar ionchuir (an pheirspictíocht iniúchta thraidisiúnta) i dtreo fhócas ar thorthaí agus ar na héifeachtaí. Chabhraigh an próiseas athbhreithnithe ar an gcaiteachas chun aird níos mó a dhíriú ar an ngeilleagar, ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht na gclár atá i gceist, mar aon le cabhrú chun forbairt chultúr measúnachta laistigh de Ranna agus de Oifigí a chothú.

Tá baint ghníomhach ag Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, leis an bpróiseas Athbhreithnithe Caiteachais Phoiblí lena n-áirítear dhá Athbhreithniú ar an gCaiteachas Poiblí a cuireadh i gcrích sa bhliain 2003. Cuirfidh an tAonad dhá chleachtadh breise Athbhreithnithe Caiteachais i gcrích sa bhliain 2004.

**Bainistíocht Phriacail**

Chinn an Rialtas gur chóir córais fhoirmiúla bainistíochta priacail a thabhairt isteach sna próisis bhainistíochta do gach Roinn faoi mhí na Nollag 2004. I 2003 lean an tAonad lena ard-fhreagracht maidir le tabhairt isteach chóras bainistíochta priacail i gComhoibriú um Fhorbairt, Éire, ag eagrú ceardlanna sna clár-thíortha agus i mBaile Átha Cliath.

**Áirítear mar Eochair-Chleachtaí Measúnachta agus Iniúchta a cuireadh i gcrích i 2003:**

- Athbhreithnithe ar an gCaiteachas Poiblí: An Scéim Mhicrithionscadail In-Tíre; agus Clár Ceantar-Bhunaithe Inhambane sa Mhósaimbíc
- Ceardlanna um Bhainistíocht Phriacail san Afraic Theas, i Leosóta agus i mBaile Átha Cliath
- Measúnachtaí ar na Cláir Thíre, Uganda agus an Afraic Theas
- Measúnacht ar Éigeandáil na Maláive
- Roghnú iniúchtaí de Chláir arna maoiniú ag Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, ar fud an domhain
- Comhmheasúnacht Bhronntóra ar Bhunoideachas

# OIDEACHAS FORBARTHA

Is eochair-réimse é an t-oideachas foráis do idirphlé Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, leis an tsochaí shibhialta agus le hinstitiúidí oideachais in Éirinn agus tá ról ríthábhachtach aige chun tuiscint an phobail ar shaincheisteanna forbartha a mhéadú. Sainmhíníonn Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, an t-oideachas foráis mar;

*"phróiseas oideachais atá dírithe ar fheasacht agus ar thuiscint ar an domhan síorathraithe, idirspleách agus neamhchothrom ina gcónaímid    Déanann sé iarracht daoine a chur i mbun anailís, athmhachnaimh agus gníomh do shaoránacht agus do chomhpháirtíocht áitiúil agus domhanda .. Is faoi thacaíocht a thabhairt do dhaoine é chun tuiscint a fháil agus gníomh a dhéanamh chun na struchtúir shóisialta, chultúrtha, pholaitiúla agus eacnamaíochta a chlaochlú, struchtúir a théann i bhfeidhm ar a saoil ag leibhéil phearsanta, phobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta".*

Ó comhtháthaíodh an Coiste Náisiúnta um Oideachas Forbartha (NCDE) le Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, i mí na Nollag 2002, tá an tAonad nua-chruthaithe um Oideachas Forbartha ina pháirt lárnach de bheartais agus de straitéisí Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire. Bunaíodh Coiste Comhairleach um Oideachas Foráis sa bhliain 2003 chun comhairle a sholáthar don Aire Stáit do Chomhoibriú Forbartha agus do Chearta an Duine agus do Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, ar ábhair bheartais agus ar mhodheolaíochtaí chun eolas agus tuiscint ar shaincheisteanna forbartha in Éirinn a mhéadú. I measc chomhaltaí an Choiste tá daoine le taithí sna réimsí oideachais agus forbartha a tógadh as an earnáil shaorálach agus as institiúidí oideachais ábhartha, lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

I mí na Bealtaine 2003 seoladh plean straitéiseach trí bliana an Aonaid dar teideal "Ag Neartú Tuiscint an Phobail ar Fhorbairt Idirnáisiúnta". Seo a leanas na sé eochair-chuspóir den phlean:

- **Cuspóir Straitéiseach 1: peirspictíocht an oideachais fhoráis a chomhtháthú sna beartais ábhartha um oideachas.**
- **Cuspóir Straitéiseach 2: seachadadh an oideachais fhorbartha a chomhtháthú agus a chur chun cinn i réimsí roghnaithe sna hearnálacha oideachais foirmiúil agus neamh-fhoirmiúil. Tabharfar tús áite do na hearnálacha seo a leanas: oideachas múinteora, tacaíocht agus forbairt an churaclaim ag na leibhéil bhunscoile agus iar-bhunscoile, an tríú leibhéal, obair na hóige agus oideachas pobail agus do dhaoine fásta.**
- **Cuspóir Straitéiseach 3: tacaíocht a sholáthar do eagraíochtaí na sochaí sibhialta in Éirinn chun tuiscint an phobail ar shaincheisteanna forbartha a mhéadú.**



An tUas. Mlemwah, Coordaitheoir an Oideachais Bharda ag an Ionad Acmhainne do Mhúinteoirí i Dumila © Comhoibriú um Fhorbairt, Éire/Pieternella Pieterse



Bíonn am spraoi ann freisin.
Cailín bheag sa Tansáin ©
Comhoibriú um Fhorbairt,
Éire/Pieternella Pieterse

- **Cuspóir Straitéiseach 4: forbairt acmhainne na hearnála um oideachas foráis a éascú chun oideachas forbartha a sheachadadh.**
- **Cuspóir Straitéiseach 6: úsáid níos éifeachtaí de na cumarsáidí a chur chun cinn chun tuiscint an phobail ar shaincheisteanna forbartha a mhéadú.**
- **Cuspóir Straitéiseach 6: deiseanna oideachasúla a aithint agus a uasmhéadú do idirphlé an phobail le clár Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire.**

Le linn na bliana 2003, rinneadh réimse deontas a dhámhadh san earnáil fhoirmiúil agus neamh-fhoirmiúil. I measc na n-eagraíochtaí a fuair cistiúchán sa bhliain 2003 bhí eagraíochtaí neamh-rialtasacha, institiúidí oiliúna múinteora, ollscoileanna, grúpaí dlúthpháirtíochta agus feachtais agus eagraíochtaí na n-óg. Rinneadh iomlán €1,870,805 a dhámhadh ar bhreis is 100 eagraíocht éagsúil. Rinneadh athstruchtúrú freisin le linn na bliana 2003 ar an scéim dheontais chun í a chur in oiriúint leis an bplean nua straitéiseach.

Tacaíonn an tAonad um Oideachas Forbartha le forfheidhmiú an thionscadail DICE (Oideachas Foráis agus Idirchultúrtha) a chomhtháthaíonn an t-oideachas foráis agus an t-oideachas idirchultúrtha in oideachas tionscnaimh do mhúinteoirí bunscoile ag 5 choláiste oideachais in Éirinn. Is eochair-idirphlé straitéiseach é an tionscadal seo don Aonad. Sa bhliain 2003, tugadh an chéim phíolótach chun críche, rinneadh measúnacht air agus cuireadh tús leis an gcéad pháirt den chéim fhorfheidhmithe.

Le linn na bliana 2003, d'oibrigh an tAonad i gcóngar le Comhairle na n-Óg in Éirinn chun maoirseacht a dhéanamh ar tháirgeadh straitéis trí bliana do phríomhshruthú an oideachais fhoráis i slí inbhuanaithe in earnáil shaorálach na n-óg. Bainfidh an straitéis le forfheidhmiú chláir um thionscnaimh roinnte-faisnéise agus fhorbartha-acmhainne san earnáil mar aon le gníomhaíochtaí cláir. Beidh Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, ina chomhalta den choiste comhairleach a dhéanfaidh maoirseacht ar threoir straitéiseach an chláir.

Cuireadh seimineáir ar siúl ar réimse leathan ábhar lena n-áirítear tionscadal "Nascadh" a chruthaíonn naisc idir scoileanna, coláistí agus institiúidí eile in Éirinn agus an domhan atá i mbéal forbartha mar aon le seimineár chun tuairisc a thabhairt ar an gcinneadh fíorais de staidéar indéantachta ar "Chur Chuige chun Creatlach Chreidiúnaithe a Fhorbairt do Earnáil an Oideachais Fhoráis."

D'oibrigh an tAonad um Oideachas Forbartha i gcomhpháirtíocht le trí eagraíocht neamh-rialtasach (80:20, Aid Link agus Concern Worldwide) chun suíomh gréasáin www.developmenteducation.ie a sheoladh chun réimse éagsúil de chomhpháirtithe atá dírithe ar fhorbairt agus ar oideachas a thabhairt le chéile chun réimse leathan ábhar, anailísí agus deiseanna a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara ar mhian leo páirt a ghlacadh in oideachas forbartha. Sa bhliain 2004, síneoidh Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, comhaontú comhpháirtíochta trí bliana le 80:20 do bhainistiú an suímh ghréasáin i gcomhar le hAid Link agus le Concern Worldwide.

Chun úsáid níos éifeachtaí de na cumarsáidí a chur chun cinn chun tuiscint an phobail ar shaincheisteanna forbartha a mhéadú, cuireadh an Ciste um Dhúshlán na Meán i bhfeidhm. Leithdháileadh €130,000 do léiriú clár a raibh baint acu le hoideachas forbartha ar 12 stáisiún raidió náisiúnta agus áitiúil ar fud na tíre.

Ag leibhéal beartais de, tá Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, ina chomhalta de Choiste Stiúrtha an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) um Threoirlínte Idirchultúrtha do Bhunscoileanna. Tá na treoirlínte seo dírithe ar threoir a sholáthar do mhúinteoirí chun an t-oideachas idirchultúrtha a ionchorprú ina gcuraclam agus beidh siad i bhfeidhm ón scoilbhliain 2004/2005 i leith. Mar chomhaltaí den Líonra um Oideachas Saoránaigh, chuir an tAonad aighneacht isteach chuig athbhreithniú an NCCA ar an siollabas sinsearaigh. Le linn na bliana 2003, ghlacamar páirt ghníomhach sa Líonra Oideachais Domhanda don Eoraip, tionscnamh de chuid Chomhairle na hEorpa a thugann le chéile ranna rialtais nó gníomhaireachtaí rialtais ábhartha.

Choimisiúnaigh an tAonad um Oideachas Forbartha roinnt saothair thaighde nuálaíocha. Thaispeáin an chéad cheann díobh seo "An Dearcadh ar an gComhoibriú Forbartha in Éirinn", cinneadh fíorais ó shuirbhé náisiúnta de dhaoine fásta Éireannacha a cuireadh i gcrích ag an MRBI (thar ceann an Aonaid). Níos déanaí sa bhliain, seoladh tuarascáil ar "Mhéid agus Éifeachtúlacht an Oideachais Fhorbartha ag na Leibhéil Bun- agus Iar-Bhunoideachais". Choimisiúnaigh Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, an taighde seo agus cuireadh i gcrích é ag Coláiste Oiliúna Múinteoireachta Mhuire gan Smál, Luimneach agus ag 80:20.

# CUMARSÁID AGUS EOLAS

Is iad na cuspóirí leathana atá ag an Aonad Cumarsáide agus Eolais ná:

- **Cuntasacht agus Trédhearcacht Níos Fearr a Bhaint Amach**
  Ba é an buiséad ODA iomlán don bhliain 2003 ná breis is €446 milliún. Le buiséad atá ag fás de réir a chéile, bíonn méadú ar an riachtanas dá réir do chúntasacht agus do thrédhearcacht. Tá straitéis Chumarsáide ag teastáil a éascóidh níos mó idirphlé leis an Oireachtas, leis an tsochaí shibhialta, leis na meáin agus leis an bpobal Éireannach.

- **Úinéireacht Phoiblí agus Tuiscint a Chruthú ar Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire**
  Sa bhliain 2003 d'fhoilsigh an tAonad Cumarsáide agus Eolais mór-shuirbhé den MRBI um Dhearcadh Phobal na hÉireann ar Fhorbairt. Léirigh sé seo bunthaighde soiléir ar thuiscint an phobail ar chlár Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire. Den sampla a ceistíodh sa phobalbhreith, bhí 80% 'go mór ar son' nó 'go hiomlán ar son' chuidiú le tíortha sa domhan atá i mbéal forbartha. D'fhreagair 48%, áfach, nach raibh 'clú dá laghad' acu ar an méid cúnaimh airgeadais a sholáthraíonn Rialtas na hÉireann. Thug an suirbhé le fios i dtéarmaí ginearálta cé go gcuirtear spéis mhór i, agus go bhfuil flaithiúlacht do, shaincheisteanna a bhaineann le forbairt in Éirinn, is beag an tuiscint ná an fheasacht atá ag an bpobal ar chlár an Rialtais um chúnamh forbartha.

- **Tacaíocht níos Leithne a Fhorbairt**
  Tagann an tacaíocht phoiblí do Chomhoibriú Forbartha ón bpobal forbartha den chuid is mó. Má tá Éire chun Sprioc na N.A. do chúnamh ODA a bhaint amach agus má tá sí chun leanúnachas a chinntiú thar réimse iomlán de bheartais an Rialtais i slí a choimeádann leasa na dtíortha atá i mbéal forbartha chun tosaigh, tá sé fíor-riachtanach mar sin tacaíocht a fháil ó ghrúpa leathan de chinnteoirí agus de lucht cheaptha dearcaidh. Ní foláir bealach a lorg chun go mbeadh baint ag ionadaithe poiblí, comhpháirtithe sóisialta, an tsochaí shibhialta, na meáin agus teagascóirí ag gach leibhéal, leis an gclár atá ag forbairt de réir a chéile.

Cuireadh tionscnaimh éagsúla i gcrích sa réimse seo sa bhliain 2003. Ba é an ceann ba shuntasaí ná cur i gcrích agus seoladh an ionaid eolais thiomnaithe ar líne do Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire (www.dci.gov.ie). Feidhmíonn an suíomh gréasáin mar craobhscaoilteoir do straitéis chumarsáide an chláir. Éascaíonn sé scaipeadh na bpáipéar beartais, na bpleananna straitéise, óráidí srl. ar chostas i bhfad níos ísle agus ráitis phoiblí soiléire ar eochair-chuspóirí agus ar ghníomhaíochtaí bunúsacha an chláir. Seoltar nuachtlitir leictreonach dé-mhíosúil chuig breis is 2000 síntiúsóir laistigh den phobal forbartha in Éirinn agus thar lear. Ó seoladh é i mí Iúil 2003 tá breis is 2 mhilliún amas faighte ag an suíomh agus tá sé ag mealladh ar an meán 400 cuairteoir in aghaidh an lae.

Ba iad na mór-ghníomhaíochtaí eile laistigh den aonad ná:

- **An Ciste um Dhúshlán na Meán**

Is scéim chomhpháirtíochta deontais é an Ciste um Dhúshlán na Meán a chomhbhainistítear leis an Aonad um Oideachas Forbartha chun léiritheoirí raidió áitiúla agus déantóirí drámaí faisnéise a mhealladh chun cláir a bhaineann le forbairt a léiriú agus a chraoladh.

- **An Lá Domhanda SEIF 2003**

Cuireadh fógraí leathanaigh sna nuachtáin laethúla chun aird an phobail a tharraingt ar an bpaindéim VEID/SEIF. Rinneadh iad seo a nascadh freisin le gnéithe gréasáin a forbraíodh go speisialta ar shuíomh gréasáin Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire.

Tá dlúthchaidreamh idir an tAonad agus na meáin ábhartha agus eagraíonn sé réimse gníomh chun aird a tharraingt ar obair Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire.

# AN BORD COMHAIRLEACH DO CHOMHOIBRIÚ UM FHORBAIRT, ÉIRE

Ag eascair ó mholtaí Athbhreithniú an Choiste Athbhreithnithe um Chúnamh Éireann, bunaíodh an Bord Comhairleach i mí Lúnasa 2002. Is comhlacht neamhspleách é an Bord ar a bhfuil 11 comhalta deonach a fhreastalaíonn ina gcáil phearsanta agus arna gceapadh ag an Aire Gnóthaí Eachtracha do thréimhse trí bliana. Tá an tAire Stáit ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha le freagracht as Comhoibriú Forbartha agus as Cearta an Duine agus Ard-Stiúrthóir Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, ina gcomhaltaí de bhrí oifige ar an mBord. D'éirigh an chéad Chathaoirleach den Bhord, an tUas. Desmond O'Malley, as a phost i mí Iúil 2003 chun ceapachán a ghlacadh leis an mBanc Eorpach um Athchóiriú agus Fhorbairt i Londain. Tháinig an tUas. Chris Flood i gcomharbas air.

Is é misean an Bhoird Chomhairligh ná maoirseacht a dhéanamh ar an gclár um chabhair atá ag dul i méid; treoir straitéiseach a sholáthar; agus oibriú go dlúth le Comhoibriú um Fhorbairt, Éire chun an caighdeán, an éifeachtúlacht agus an chuntasacht a uasmhéadú.

Tá freagracht shonrach ar an mBord as cúig réimse. Tá sé de dhualgas air:

- Maoirseacht agus comhairle ghinearálta a sholáthar don Aire agus do lucht bainistíochta sinsearach Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, ar threoir straitéiseach an chláir.
- Neamhspleáchas na socruithe measúnachta agus iniúchta a mhéadú;
- Taighde a choimisiúnú atá dé réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde;
- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na riachtanais foirne agus ar acmhainní foriomlána an chláir;
- An Fóram Forbartha a eagrú chun eagraíochtaí neamh-rialtasacha agus eagraíochtaí misinéirí a thabhairt le chéile leis an Aire agus le feidhmeannaigh sinsearacha ó Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire.

Tháinig an Bord Comhairleach le chéile ar shé ócáid le linn na bliana 2003. I dteannta seo, bhuail Meithleacha Oibre ar Phleanáil agus ar Thaighde Straitéiseach le chéile mar a bhí riachtanach. Is iad príomhghníomhaíochtaí an Bhoird Chomhairligh maidir lena chúig réimse freagrachta ná:

**Maoirseacht agus Comhairle Ghinearálta:** Le linn a chruinnithe, bhí an deis ag an mBord réimse shaincheist a phlé leis an Aire Stáit, lena n-áirítear an sprioc do chúnamh ODA, dearcadh an phobail ar ghníomhaíochtaí Comhoibrithe Fhorbartha, agus saincheisteanna faoi leith a bhain le gnéithe áirithe den chlár um Chúnamh Forbartha that lear (ODA).

Cuireadh an chéad thuarascáil um fhorfheidhmiú mholtaí an Athbhreithnithe ar Chúnamh Éireann faoi bhráid an Bhoird Chomhairligh agus caitheann sé súil siar ar seo ag gach cruinniú den Bhord trí thuarascálacha Ard-Stiúrthóir Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, ar eochair-shaincheisteanna agus ar chinntí straitéiseacha.

Thug toscaireachtaí ón mBord cuairt ar roinnt ghníomhaireacht fhorbartha iltaobhach mar an Banc Domhanda, an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, Coiste an OECD um Chúnamh Forbartha agus príomhghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe lena rannchuidíonn Éire.

Ina theannta seo, thug toscaireachtaí ón mBord cuairt ar dhá Chlár-Thír, an tSaimbia agus Uganda, chun obair Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, a fheiceáil ón fhoinse allamuigh agus chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna áirithe gur suim leis an mBord iad.

Cuireadh na tuairimí agus na moltaí a d'eascair as na cuairteanna seo uile os comhair an Aire agus lucht bainistíochta sinsearach Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire. Chomh maith leis seo, rinne an Bord Comhairleach idirphlé ghníomhach le phróiseas Athbhreithnithe Piaraí an DAC sa bhliain 2003.

**Iniúchadh agus Measúnacht:** Tá a chéad chathaoirleach, an tAth. Gerry O' Connor, comhalta den Bhord Comhairleach, ag an gCoiste Iniúchta don Roinn Gnóthaí Eachtracha a bunaíodh sa bhliain 2003. Coimeádann Cathaoirleach an Choiste Iniúchta an Bord Comhairleach ar an eolas maidir le hobair an Choiste.

Ina theannta seo, tagann an Bord Comhairleach le chéile dhá uair sa bhliain le foireann an Aonaid Mheasúnachta agus Iniúchta do thuairisc chun dáta ar obair an Aonaid agus ar na saincheisteanna straitéiseacha atá os a chomhair.

Taighde: Ag leanacht ar aghaidh ó phróiseas comhairliúcháin idir Meitheal Oibre an Bhoird um Chomhairle Thaighde agus Grúpa Bainistíochta Sinsearach Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, aithníodh na réimsí tosaíochta do thaighde mar seo a leanas:

- Leanúnachas Beartais
- Idirphlé leis an tSochaí Shibhialta

Bronnadh conarthaí ar an Institiúid um Chomhtháthú Idirnáisiúnta ag Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath do chlár taighde dhá bhliain um leanúnachas beartais; agus ar an Ionad um Staidéir Idirnáisiúnta ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath do chlár taighde dhá bhliain um an tSochaí Shibhialta.

Sa dá chás baineann na tionscadail le foireann taighdeoirí bunaithe in Éirinn ag obair i gcomhar le hinstitiúidí eile lonnaithe i dtíortha eile den OECD agus i dtíortha atá i mbéal forbartha. Cuimseofar cás-staidéir i ngach tionscadal a chuirfear i gcrích i bpéire de chlár-thíortha Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire.

**Soláthar Foirne agus Acmhainní:** Rinne an Bord Comhairleach Aighneacht Réamhbhuiséid ag argóint go raibh freagracht mhorálta ar Éirinn na tiomantais a rinneadh maidir le baint amach sprioc na N.A. a chomhlíonadh agus go raibh sé ríthábhachtach dá bhrí sin:

- "Go ndéanfaí céim inchreidte i dtreo an sprioc de 0.7% i mbuiséad na bliana 2004;
- Na céimeanna eile a leagan síos do 2005, 2006 agus 2007;
- Go n-athghlacfaí leis na prionsabail um phleanáil ilbhliantúil agus an clár um chabhair a insliú i gcoinne taghdanna sa phróiseas buiséadach bliantúil go dtí go gcomhlíonfar an sprioc."

Fuair an Bord athbhreithniú ó Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, ar staid an tsoláthair foirne. Tá an Bord chun an cheist seo a choinneáil faoi athbhreithniú, go háirithe ós rud é gur fógraíodh i mí na Nollag an dílárú atá beartaithe go Luimneach do Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire.

An Fóram Forbartha: Tionóladh cruinniú tionscnaimh an Fhóraim Fhorbartha faoi choimirce an Bhoird Chomhairligh ar an 28 Márta 2003. D'éist an Fóram le tuairiscí ar fhorfheidhmiú mholtaí an Athbhreithnithe ar Chúnamh Éireann mar aon le ar ghníomhaíochtaí Dóchas. Chuir sé tús freisin le réamhmheas ar an tsaincheist um Leanúnachas Beartais do Laghdú na Bochtaineachta.

Measadh go raibh ceist an Leanúnachais Bheartais de thábhachtacht leordhóthanach gur iarradh ar an mBord Comhairle í a thabhairt ar aghaidh roimh an chéad chruinniú eile. Mar thoradh ar seo, coimisiúnaíodh páipéar ar an ábhar dar teideal Leanúnachas idir Chúnamh Oifigiúil Forbartha that lear na hÉireann agus na Beartais Talmhaíochta, Trádála agus Tacaíochta ón Ollamh Alan Matthews ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath don dara cruinniú den Fhóram Forbartha a tionóladh ar an 17 Deireadh Fómhair 2003.

Tá breis eolais ar obair an Bhoird Chomhairligh le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird www.abdci.gov.ie mar aon le Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Chomhairligh don bhliain 2003.

# COMHALTACHTAÍ AGUS OILIÚINT

Ceann de thosaíochtaí chlár Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, ná chun a chinntiú go bhfuil na daoine sna comhthíortha cumasaithe leis na scileanna teicniúla agus bainistíochta atá riachtanach chun tacaíocht a thabhairt do phróiseas forbartha inbhuanaithe. Dá réir sin, tá oideachas agus oiliúint ina ngnéithe tábhachtacha de chlár déthaobhach na hÉireann. Déanann an Clár Oiliúna Comhaltachta iarracht dul i ngleic leis na heasnaimh acmhainne sna clár-thíortha a chuireann bac ar bhaint amach na spriocanna forbartha fad-théarmacha. Cuirtear cistiúchán ar fáil de ghnáth do chúrsaí Dioplóma agus Céime ag leibhéal iar-chéime in institiúidí tríú leibhéal na hÉireann. Bíonn glacadóirí na gcomhaltachtaí tiomanta, tar éis dóibh a n-oiliúint a chur i gcrích, filleadh ar an mbaile chun atosú le hobair agus chun na scileanna a ghnóthaigh siad a chleachtadh do shochar an phobail níos leithne.

Mar aon leis na comhaltachtaí a dhámhtar faoin gClár Oiliúna Comhaltachta nach bhfuil bainteach le tionscadail, soláthraíonn a lán de thacaíochtaí earnála na gclár-thíortha comhaltachtaí chun na riachtanais fhorbartha acmhainne a chomhlíonadh mar aon leis na riachtanais ag na leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Bhí tromlach na gcomhaltachtaí a dámhadh sa bhliain 2003 ar phearsanra atá ag obair i gcomhriaracháin agus i gcomheagraíochtaí i gclár-thíortha Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, do chúrsaí oideachais fhad-théarmach ag institiúidí tríú leibhéal in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

Agus na hiarratais ar chomhaltachtaí á bpróiseáil, cuirtear béim faoi leith ar na dámhachtainí comhaltachta a nascadh leis an bhfócas áirithe atá ag clár Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, i ngach clár-thír faoi leith.

**An Chomhairle do Mhic Léinn idir náisiúnta in Éirinn (ICOS)**

Glacann an ICOS ról tábhachtach i riaradh Chlár Comhaltachta Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, agus soláthraíonn sé réimse leathan de sheirbhísí tacaíochta a chuimsíonn an leas agus riachtanais eile de shealbhóirí na comhaltachta. Tugann Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, deontas bliantúil riaracháin don ICOS maidir leis na seirbhísí seo.

**Deontais do Chúrsaí**

Eagraíonn an t-Ionad um Staidéir Fhorbartha (DSC) ag Mainéar Chamaí cúrsaí a ceapadh go sonrach do mhic léinn ó thíortha atá i mbéal forbartha. Chuir Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, tacaíocht ar fáil don Ionad sa bhliain 2002 trí dheontas riaracháin a sholáthar dó agus maoiniú comhaltachta do 31 mac léinn a chlúdaigh na blianta acadúla 2002/2003 agus 2003/2004.

**Cistiúchán do Chúrsaí agus do Chomhaltachtaí**

Sa bhliain 2003, fuair iomlán 137 mac léin cúnamh le maoiniú do chúrsaí, an chuid ba mhó díobh seo do chúrsaí fad-théarmacha, do thréimhse níos mó ná bliain amháin.



Athbhreithniú ar Earnálacha Oideachais an Cheantair Rwenzori i Uganda. Liz Higgins, Saineolaí Oideachais Sinsearach in éineacht leis na hoideachasóirí. Le caoinchead ó Anne O'Keepfe



Dalta ag an mBunscoil Mbwade sa Tansáin. Thóg Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, an chuid ba mhó de na seomraí ranga agus de thithe na múinteoirí. © Comhoibriú um Fhorbairt, Éire/Pieternella Pieterse

# IONAD OILIÚNA AGUS ACMHAINNÍ APSO - 2003

Is í aidhm an Ionaid Oiliúna agus Acmhainní de chuid APSO (An Ghníomhaireacht um Sheirbhís Phearsanta Thar Lear) ná seirbhís éifeachtach, ar árd chaighdeán a sholáthar atá sofhreagrach do na riachtanais oiliúna agus forbartha saineolaithe a bhíonn ag na cleachtóirí forbartha. Le linn na bliana 2003, cuireadh réimse cúrsa agus deontas ar fáil, a bhí dírithe ar na grúpaí seo a leanas;

- Foireann na n-eagraíochtaí neamh-rialtasacha agus na n-eagraíochtaí misinéirí a bhí lonnaithe in Éirinn.
- Foireann na n-eagraíochtaí neamh-rialtasacha agus na n-eagraíochtaí misinéirí thar lear – náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Foireann Comhoibriú um Fhorbairt, Éire (CFÉ)
- Comheagraíochtaí thar lear

D'fhreastal 1,061 duine ar chúrsaí oiliúna sa bhliain 2003. Miondealaítear iad mar seo a leanas; 37% eagraíochtaí neamh-rialtasacha, 27% misinéirí, 17% foireann chláraithe APSO, 6% CFÉ agus 10% eile.

Comhlánaítear an fheidhm oiliúna trí ionad acmhainní ag a bhfuil réimse leabhar, iris, tuarascáil, ábhar closamhairc, tréimhseachán, léarscáil agus cuardach idirlín, i ndáil le réimse ábhar a bhaineann le forbairt lena n-áirítear an oideachas forbartha ( Nóta: tá ionad acmhainní APSO cónasctha leis an Ionad Acmhainní um Oideachas Foráis).

Tá an clár oiliúna reatha dírithe ar réimse ábhar atá sainiúil do na riachtanais ghairmfhorbartha dóibh siúd atá ag obair san earnáil um chúnamh idirnáisiúnta – tá samplaí a leanas de na cúrsaí oiliúna a chuirtear ar fáil;

- Réamhchúrsaí dóibh siúd atá ag ullmhú chun obair sa domhan atá i mbéal forbartha
- Bainistíocht in oibríochtaí Fóirithinte agus Forbartha Éigeandála.
- Acmhainn na bPobal Aitiúla a Fhorbairt.
- Ag lorg agus ag tuairisciú ar chistiúchán do thionscadail.
- Pleanáil agus Monatóireacht Thionscadail.
- Monatóireacht agus Measúnacht.

Rinneadh réimse deontas a leithdháileadh chun oiliúint réamhfhágála agus in-tíre agus forbairt eagraíochtúil a mhaoiniú. Le linn na bliana 2003, bronnadh 19 deontas do fhorbairt eagraíochtúil mar aon le 40 deontas do oiliúint in-tíre agus 16 deontas do oiliúint réamhfhágála.

# DÚSHLÁIN NUA 6

## VEID/SEIF

**N. Brennan, Comhoibriú um Fhorbairt, Éire**

**Mharaigh an eipidéim dhomhanda VEID/SEIF breis is 3 mhilliún duine sa bhliain 2003, agus tá sé measta gur ionfhabhtaíodh 5 mhilliún eile leis an víreas easpa imdhíonachta daonna (VEID) – ag tabhairt an t-iomlán duine atá ag maireachtáil leis an víreas ar fud an domhain go 40 milliún.**
*Foinse: Tuairisc ar an Eipidéim SEIF, UNAIDS, WHO, Nollaig 2003*

**Réamhrá**
Tá VEID/SEIF ina shaincheist bhunúsach a théann go smior na bochtaineachta agus an mhíbhuntáiste. Is tiománaithe don eipidéim iad an bhochtaineacht, an t-aineolas, an aithis, an dhífhostaíocht agus an éagothroime inscne. Tá an troid i gcoinne VEID/SEIF ina eochair-chuspóir ag Éirinn anois dá cúnamh oifigiúil forbartha. Ciallaíonn sé seo do Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, go dtugtar tús áite do VEID/SEIF i gcainteanna um bheartas, in ionstraimí cláir agus i gcionroinnt airgeadais. Le linn na tréimhse cúig bliana a chuaigh thart, tá méadú faoi dheich tagtha ar mhéid na gcistí a chionroinntear do ghníomhaíochtaí a bhaineann le VEID/SEIF thar chlár Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire. Sa bhliain 2003, caitheadh breis is €40 milliún, ar ionann é agus 10% de bhuiséad na hÉireann um chúnamh forbartha thar lear, ar chláir VEID/SEIF amháin.

**Straitéis Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, um VEID/SEIF**
D'fhorbair Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, a straitéis sa bhliain 2000 chun a fhreagairt ar VEID/SEIF a threorú. Dar teideal 'Straitéis um VEID/SEIF do Chlár Chúnamh Éireann', tugann an straitéis seo achoimre ar threoir rannchuidithe Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, chun cosc a chur le hionfhabhtú VEID/SEIF mar aon lena tionchar ar fhorbairt a mhaolú.

Ós rud é gur foilsíodh an straitéis seo sa bhliain 2000 tá a lán athruithe tarlaithe ó shin i leith maidir le feabhas rochtana ar chóireáil VEID/SEIF i dtíortha níos boichte. Chonacthas laghdú millteanach le linn na tréimhse dhá bhliain a chuaigh thart ar chostas na gcógas do chóireáil SEIF agus feicfear treisiú in iarrachtaí idirnáisiúnta thar na blianta beaga atá romhainn chun rochtain fheabhsaithe ar chóireáil éifeachtach a sholáthar do dhaoine atá ag maireachtáil le VEID/SEIF i dtíortha íseal-ioncaim. Sa bhliain 2003 d'fhormheas Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, beartas um rochtain ar chóireáil a neartú do VEID/SEIF i dtíortha íseal-ioncaim. Aithníonn an beartas seo go huile agus go hiomlán go bhfuil cóireáil do VEID/SEIF ina theideal ag daoine atá ina gcónaí i dtíortha atá i mbéal forbartha. Treoraítear freagairt na hÉireann trí phráinn um fhreagairt a thabhairt ar riachtanas láithreach sláinte poiblí agus trí an tábhacht leis an bhfreagairt seo a lonnú laistigh de chur chuige a aithníonn an chastacht a bhaineann le teiripe fhrith-aisvíreasach a sholáthar i suímh íseal-ioncaim.

Ina theannta seo, aithníonn Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, go bhfuil ról fíor-thábhachtach ag timpeallacht shábháilte atá fabhrach chun oibre chun dul i gceann na faidhbe VEID/SEIF. Is féidir lei rannchuidiú le cosc agus le cúram, agus chun timpeallacht thacúil a sholáthar dóibh siúd atá ag maireachtáil le VEID/SEIF agus dóibh siúd go bhfuil sé ag dul i bhfeidhm orthu. Is féidir lei cabhrú freisin chun an aithis agus an t-idirdhealú a bhaineann leis an ngalar a laghdú agus cabhrú chun féachaint chuige go gcosnaítear bunchearta na ndaoine atá ag maireachtáil le VEID/SEIF nó go bhfuil sé ag dul i bhfeidhm orthu. Sa bhliain 2003 d'fhormheas Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, beartas um VEID/SEIF sa láthair oibre a thugann tacaíocht do chosc, do chóireáil agus do chúram a chuid fostaithe i gclár-thíortha.

**Tionscnaimh Dhomhanda**
Tá freagairt dhomhanda Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, leabaithe chun cosaint a thabhairt do fhreagairt inbhuanaithe agus acmhainneach ar VEID/SEIF; chun an chinnireacht ag gach leibhéal a neartú; agus chun comhordú na n-acmhainní agus na pleanála ar fud ranna an rialtais a fheabhsú.

Cuireann Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, cistiú ar fáil do Chomhchlár na Náisiún Aontaithe um VEID/SEIF, UNAIDS, an príomhchosantóir de ghníomhú domhanda ar an eipidéim. Treoraíonn, neartaíonn agus tacaíonn sé le freagairt mhéadaithe atá dírithe ar tharchur an VEID a chosc, ag soláthar cúram agus tacaíocht, ag laghdú leochaileacht dhaoine aonair agus phobail do VEID/SEIF, agus ag tabhairt faoiseamh ó thionchar na heipidéime.

Bhí Éire i gcónaí ina cosantóir agus ina cúl taca láidir den Chiste Domhanda um VEID/SEIF, an Eitinn agus an Mhaláire a Throid (GFATM) ó bunaíodh é sa bhliain 2001. Tá Éire ar cheann den líon beag tír a chomhlíon a ghealltanas don Chiste go hiomlán agus tá €20 milliún scaoilte aici go dtí seo (€10 milliún i 2002 agus i 2003). Chuir Éire staidéar ar cois freisin chun rian éifeachtúlachta an Chiste Domhanda sna tíortha ar glacadóirí iad a scrúdú. Mar aitheantas ar an riachtanas chun cur chuige cothrom a

chothabháil chun tacú le cosc, le cóireáil agus le cúram, tá Éire ag infheistiú acmhainní i dtaighde agus i bhforbairt vacsaíní agus micribhithicídí do VEID trí an Tionscnamh Idirnáisiúnta um Vacsaín SEIF agus trí an gComhpháirtíocht Idirnáisiúnta um Mhicribhithicídí.

I mí Iúil 2003, shínigh an Taoiseach Meamram Tuisceana le Fondúireacht an Uachtaráin William J. Clinton. Tugann an Meamram Tuisceana achoimre ar chreatlach um chomhobair don dá thaobh chun obair i gcomhpháirtíocht le rialtais na dtíortha ata i mbéal forbartha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta cuí ar VEID/SEIF. Is é cuspóir na comhpháirtíochta ná tacaíocht airgeadais agus theicniúil a sholáthar chun cúnamh a thabhairt le hullmhú na gclár comhtháite um chóireáil, um chúram agus um chosc VEID agus SEIF. Tá suim €50 milliún tiomanta ag Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, don tréimhse cúig bliana 2003-7 agus aithníodh an Mhósaimbíc mar thír fhócais.

**Tionscnaimh Réigiúnacha**

Sa bhliain 2002, sheol Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, tionscnamh réigiúnach nua – Thar na Teorainneacha: Clár réigiúnach VEID/SEIF do Dheisceart agus do Oirthear na hAfraice. Ceapadh an clár seo chun gníomhaíochtaí VEID/SEIF a chomhlánú i dtíortha atá ag baint sochar cheana as thacaíocht ó Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire. Ligeann sé do Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, na hacmhainní airgeadais a threorú go heagraíochtaí atá bunaithe go réigiúnach agus ag a bhfuil sártheist go dtí seo i seachadadh chlár éifeachtach dóibh siúd is mó go ndeachaigh an eipidéim i bhfeidhm orthu. Tacaíonn an clár le gníomhaíochtaí sna eochair-réimsí a leanas: cosc um athrú iompraíochta a chur chun cinn; cúram teaghlach-bhunaithe agus cúram dílleachta; ag cur in aghaidh an aithis agus an idirdhealú dóibh siúd atá ag maireachtáil le VEID/SEIF agus taighde feidhme ar réimsí agus ar shaincheisteanna faoi leith.

**Tionscnaimh Náisiúnta**

Tá dian-eipidéimí de VEID/SEIF i ngach clár-thír de chuid Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire (Uganda, an Tansáin, an Aetóip, an tSaimbia, an Mhósaimbíc agus Leosóta) agus san Afraic Theas. Tá freagairt ilearnála ar VEID/SEIF glactha ag gach tír ach rannchuidíonn saincheisteanna mar droch-chinnireacht agus tiomantas lag polaitiúil, easpa cumais agus acmhainní airgeadais chun an tuas-scálú oiriúnach ar an bhfreagairt a chur ar gcúl.

D'fhorbair gach misean de chuid Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire, Straitéis agus Clár in-tíre áirithe um VEID/SEIF agus thar na tréimhse trí bliana atá caite tá méadú ar líon na n-acmhainní á gcionroinnt ar ghníomhaíochtaí VEID/SEIF. Déantar iarrachtaí i ngach cás chun acmhainn an rialtais um fhreagairt a thabhairt ar an ngalar a neartú agus chun tacaíocht a thabhairt do fhreagairtí ó dhúichí agus ó eagraíochtaí neamh-rialtasacha ag leibhéil áitiúla agus phobail.

**Tionscnaimh Phobail**

Bíonn ar chlanna agus ar phobail an tionchar príomhúil ó VEID/SEIF a fhulaingt. In a lán cásanna ní bhíonn seirbhísí an rialtais ná cláir na mbronntóirí i riocht na hacmhainní a threorú chucu siúd a bhfuil an gá is mó acu leo. Is minic go mbíonn an príomhdhualgas ar eagraíochtaí neamh-rialtasacha agus ar eagraíochtaí creidimh-bhunaithe as an gcúram teaghlach-bhunaithe a sheachadadh; as tacaíocht a thabhairt do dhílleachtaí agus do leanaí leochaileacha; agus as seirbhísí sláinte riachtanacha a sheachadadh do na ceantair is mo atá buailte. Is comhpháirtithe tábhachtacha iad seo do Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire. Tá na láidreachtaí soiléir maidir le hoibriú leis an tsochaí shibhialta agus is minic go mbíonn inniúlachtaí cruthaithe acu i leith chur i bhfeidhm agus i leith chleachtais.

Sa bhliain 2002 bhunaigh Comhoibriú um Fhorbairt, Éire, an Scéim Chomhpháirtíochta um VEID/SEIF chun acmhainní airgeadais a imdháileadh chuig eagraíochtaí neamh-rialtasacha na hÉireann atá ag obair sa réimse VEID/SEIF. Tá fócas láidir ag an scéim seo ar chomhpháirtíocht; ar an acmhainn institiúideach a neartú chun cláir a sheachadadh i slí níos éifeachtaí agus ar na ceachta a fuarthas ón gcleachtas is fearr a chuimsiú i gceapadh agus i mbainistiú na gclár.

**Conclúid**

Tá VEID/SEIF fós ar an gconstaic is mó amháin maidir leis an mbochtaineacht a laghdú agus le Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach. Braitheann an cumas chun freagairt a thabhairt ag gach leibhéal ar chinnireacht láidir, ar chionroinnt na n-acmhainní cuí, ar chomhordú na pleanála agus ar chur chuige na gcleachtas is fearr a chur chun cinn. Áirítear i measc na neochair-dhúshláin na leibhéil acmhainne a chionroinntear ar ghníomhaíochtaí VEID/SEIF a choimeád (agus a mhéadú); leanúnachas agus comhordú beartais thar gach leibhéal tacaíochta a chothabháil; an acmhainn um fhreagairt a fhorbairt agus ag cur na cleachtais is fearr agus an fhoghlaim ó cheachta chun cinn.



Tá an tUas. Bembea ina chathaoirleach ar ghrúpa beachadóireachta Kibilima, a fuair tacaíocht ó chistí CIS Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire © Comhoibriú um Fhorbairt, Éire/Pieternella Pieterse

designed by www.**reddog**.ie

# www.dci.gov.ie

**Comhoibriú um Fhorbairt, Éire**
An Róinn Gnóthaí Eachtracha,
Cearnóg an Easpaig,
Cnoc Réamoinn,
Átha Cliath 2

Tel +353 1 408 2000
Fax +353 1 408 2880
Email dci@dfa.ie
Web www.dci.gov.ie

Baineadh úsáid as páipéar le 30% Mill Broke athchúrsáilte sa tuarascáil seo